

2013

# BEARTAS NÁISIÚNTA NA gCALAFORT


An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport



**Creid íomhá:** Cuideachta Chalafort Chorcaí

# CLÁR ÁBHAIR


**Ráiteas an Aire** 7

**Achoimre Feidhmiúcháin** 11

**1. Intreoir** 17

**2. Struchtúr Eagrúcháin agus Úinéireachta** 21

2.1 Intreoir 22
2.2 Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit 22
2.3 Saincheisteanna lena mbreithniú 23
2.3.1 Iomaíocht 24
2.4 Líonra Tras-Eorpach – Iompar (LTE-I) 24
2.5 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1) 25
2.5.1 Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath 25
2.5.2 Cuideachta Chalafort Chorcaí 26
2.5.3 Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne 26
2.6 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) 27
2.6.1 Cuideachta Chalafort Phort Láirge 27
2.6.2 Calafort Eorpach Ros Láir 28
2.7 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo 29
2.7.1 Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha 31
2.7.2 Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire 31
2.7.3 Cuideachta Chuan na Gaillimhe 31
2.7.4 Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin 32
2.7.5 Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin 33
2.7.6 Calafoirt eile a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo 33
2.7.7 Leasuithe reachtaíochta ag teastáil i leith calafort a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo 33

**3. Rialachas Corparáideach** 35

3.1 Intreoir 37
3.2 An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 38
3.3 Boird na gcuideachtaí calafoirt 38
3.4 Polasaí Díbhinní 39
3.5 Maoiniú amach anseo 40
3.6 Pinsin na gcuideachtaí calafoirt 40

**4. Beartas Calafort agus an Córas Pleanála agus Forbartha** 41

4.1 Intreoir 43
4.2 Riachtanais acmhainne amach anseo 43
4.3 Máistirphleanáil na gcalafort 45
4.4 Naisc chúlchríche 45
4.5 Calafoirt agus an timpeallacht uirbeach 46

**5. Saincheisteanna Comhshaoil agus Imeall Trá** 47

5.1 Intreoir 49
5.2 Saincheisteanna comhshaoil 49
5.3 Saincheisteanna imeall trá 50

**6. Aguisín I – Gníomhartha agus Amlínte** 51

**7. Leabharliosta** 55

# LIOSTA TÁBLAÍ


| | | |
|---|---|---|
| Tábla 1.1: | Calafoirt, struchtúr úinéireachta, teacht isteach soithí, 2011 | 19 |
| Tábla 2.1: | Titim i dtonnáiste arna láimhseáil ag calafoirt roghnaithe Éireannacha | 23 |
| Tábla 2.2: | Olltonnáiste meánach na soithí a thagann chuig calafoirt Éireannacha | 23 |
| Tábla 2.3: | Treochtaí domhanda fadtéarmacha chabhlach na long choimeádán láncheallach | 23 |
| Tábla 2.4: | Forbhreathnú ar Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath | 25 |
| Tábla 2.5: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Chorcaí | 26 |
| Tábla 2.6: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne | 26 |
| Tábla 2.7: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Phort Láirge | 27 |
| Tábla 2.8: | Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo – struchtúr úinéireachta agus an tonnáiste arna láimhseáil, 2011 | 29 |
| Tábla 2.9: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Dhroichead Átha | 30 |
| Tábla 2.10: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire | 31 |
| Tábla 2.11: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chuan na Gaillimhe | 32 |
| Tábla 2.12: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin | 32 |
| Tábla 2.13: | Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Chill Mhantáin | 33 |
| Tábla 4.1: | Tuarascálacha maidir le hacmhainn | 44 |


# LIOSTA FÍORACHA


| | | |
|---|---|---|
| Fíor 1.1: | Tonnáiste arna láimhseáil ag calafoirt Éireannacha 1997-2011 | 20 |
| Fíor 2.1: | Calafort Phort Láirge - Sciar tráchta mar chéatadán den mhargadh iomlán | 28 |
| Fíor 2.2: | Calafort Eorpach Ros Láir – sciar tráchta mar chéatadán den mhargadh iomlán | 29 |
| Fíor 4.1: | Meántonnáiste comhlán na soithí a bhí ag stopadh ag calafoirt na hÉireann | 43 |


# RÁITEAS

# AN AIRE




**Creid íomhá:** Tim Stonton / VOR

# RÁITEAS AN AIRE



Imríonn ár gcalafoirt ról atá ríthábhachtach ach a ndéantar neamhiontas di go minic i bhfás agus rath geilleagrach a éascú. Mar náisiún oileánda, breathnaímid ar chaighdeán agus éifeachtúlacht ár seirbhísí calafoirt i bhfad níos mó ná a bhreathnaíonn cuid mhór dár gcomhpháirtithe thrádála ar a seirbhísí calafoirt féin.

Mar bharaiméadair den gheilleagar níos leithne, níor sheachain ár gcalafoirt an anacair a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas, ná na héifeachtaí a bhaineann le domhandú i gcoitinne. Éilíonn na dúshláin dhomhanda seo gníomhaíocht ag leibhéal náisiúnta chun a chinntiú go leanfaidh an cineál seirbhísí calafoirt a éilíonn Éire de bheith ag freastal uirthi.

Tá níos mó i gceist lenár gcalafoirt ná tairseacha trádála leis an domhan; is minic gur lárionaid iad a bhfuil an-tábhacht stairiúil, chultúrtha, shóisialta agus caitheamh aimsire ag baint leo. Bunaíodh mórchuid dár gcathracha agus dár mbailte is sine mar chalafoirt trádála. Scar cuid acu lena bhfócas tráchtála le himeacht ama agus comhlíonann siad feidhmeanna sóisialta agus caitheamh aimsire go príomha dá gcuid pobail anois.

Tugann an beartas nua calafort seo aghaidh ar dhéscaradh an dúshláin agus na deise atá os comhair ár gcalafort. Táim muiníneach go n-éascóidh na hathchóirithe a bheartaítear istigh ann forbairt leantach ár gcuideachtaí calafoirt Stáit, agus aithint á déanamh agam ag an am céanna go bhféadfadh sé nach mbeadh na socruithe rialachais reatha ar na socruithe ab oiriúnaí do na calafoirt sin a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo den chuid is mó.

Tá sprioc uaillmhianach ag an Rialtas úsáid iomlán a bhaint as ár n-acmhainní muirí, faoi mar atá leagtha amach inár bplean muirí comhtháite nua – Saibhreas ár nAigéin. Mar chuid de, shocraigh an Rialtas sprioc maidir le páirt na hearnála muirí sa gheilleagar náisiúnta a mhéadú. Cuireann Beartas Náisiúnta na gCalafort leis an bhfís agus leis an iarracht sin. Leagtar amach ann go soiléir treochlár d'earnáil na gcalafort ar feadh na glúine seo romhainn ar a laghad trí bhíthin cuspóirí soiléire, na polasaithe lena mbaint amach agus na hamlínte lena dhéanamh a leagan síos.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa chomhairliúchán poiblí agus leo siúd go léir a chuidigh leis an gcáipéis seo a thaighde agus a scríobh.



**Leo Varadkar T.D.**
An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

# ACHOIMRE

# FEIDHMIÚCHÁIN



**Creid íomhá:** Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

## Struchtúr Eagrúcháin agus Úinéireachta

Tá an tsamhail um rialachas calafort in Éirinn ar aon dul leis an tsamhail in áiteanna eile san Eoraip den chuid is mó. Is éard atá i gceist leis an tsamhail ná údaráis chalafoirt faoi rialú poiblí ag a bhfuil leibhéil arda de rannpháirtíocht na hearnála príobháidí sa soláthar bonneagair agus seirbhísí.

Is é croíchuspóir Bheartas Náisiúnta na gCalafort margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí. Is i dtreo comhdhlúthú méadaithe acmhainní atá an treocht idirnáisiúnta fhadtéarmach i gcalafoirt agus i loingseoireacht d'fhonn éifeachtúlachtaí barrmhaitheasa scála a bhaint amach. Tá torthaí seachthairbhe aici sin maidir le méid na soithí, leis na doimhneachtaí uisce ag teastáil ag calafoirt agus le cineál agus scála naisc iompair chúlchríocha na gcalafort.

Bíonn an-éagsúlacht idir calafoirt ó thaobh méide, acmhainn reatha agus cumas amach anseo de. Níl an struchtúr atá i bhfeidhm ón mbliain 1996 agus an beartas *laissez-faire* 'ina n-oireann tomhas amháin do chách' iomchuí a thuilleadh.

Tugtar isteach le Beartas Náisiúnta na gCalafort catagóiriú soiléir earnáil na gcalafort ina gCalafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1), ina gCalafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) agus ina gCalafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo.

Is ionann **Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1)** agus calafoirt:

- atá freagrach as 15% go 20% den tonnáiste iomlán a thagann trí chalafoirt Éireannacha, agus
- a bhfuil cumas soiléir acu an fhorbairt ar acmhainn calafoirt sa todhchaí a threorú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, nuair is gá agus de réir mar is gá.

Comhlíonann trí chalafort na critéir seo: Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath, Cuideachta Chalafort Chorcaí, agus Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne.

Is ionann **Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2)** agus calafoirt:

- atá freagrach as 2.5% ar a laghad den tonnáiste iomlán a thagann trí chalafoirt Éireannacha;
- a bhfuil cumas intaispeánta acu méideanna níos airde de thrácht aonadaithe a láimhseáil; agus
- a bhfuil naisc iompair reatha acu chun freastal ar ionad margaidh náisiúnta níos leithne lasmuigh dá ngar-réigiún.

Comhlíonann dhá chalafort na critéir seo: Cuideachta Chalafort Phort Láirge agus Calafort Eorpach Ros Láir.

Tá na calafoirt tráchtála eile catagóirithe mar **Chalafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo**. Cuirtear san áireamh sa chatagóir seo na cúig chuideachta calafoirt tráchtála níos lú faoi úinéireacht an Stáit – Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha, Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, Cuideachta Chuan na Gaillimhe, Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin agus Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin – agus gach calafort eile a láimhseálann lasta tráchtála.

Ní láimhseálann na cúig chuideachta calafoirt seo faoi úinéireacht an Stáit ach 3% den tonnáiste iomlán sa Stát i dteannta a chéile. Tá sé soiléir nach bhfuil ról ag an Rialtas láir a thuilleadh i gcalafoirt a chomhlíonann gá réigiúnach nó áitiúil. Is fearr forbairt fhadtéarmach na gcalafort seo a choinneáil laistigh dá bpobail réigiúnacha agus áitiúla chun deis a thabhairt don dá cheann acu forbairt ar dhóigh atá comhthairbheach.

Tá sé seo i gcomhréir le hathchóirithe níos leithne de chuid an Rialtais i ndáil le rialtas áitiúil a fhéachann lena chinntiú go ndéanfar feidhmeanna a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo ag leibhéal náisiúnta agus go ndéanfar iad siúd a bhfuil tábhacht réigiúnach agus áitiúil ag baint leo ag an leibhéal sin.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, reachtaíocht a thabhairt isteach a éascóidh aistriú na gcuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit níos lú seo go rialú an údaráis áitiúil lena mbaineann.

## Rialachas Corparáideach

Is sócmhainní luachmhara iad na cuideachtaí calafoirt faoi úinéireacht an Stáit agus tá feidhmeanna tábhachtacha geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil acu. Ní mór dóibh siúd a gcuirtear cúram orthu na sócmhainní seo a bhainistiú a chinntiú go gcomhlíonfaidh na calafoirt ionchas an scairshealbhóra, leas an phobail agus an gheilleagair i gcoitinne.

Beartaíonn an Roinn monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach na dtáscairí feidhmíochta calafoirt ag leibhéal Eorpach d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le forbairt a dhéanamh ar an obair seo, trí obair a rinne Oifig Forbartha Muirí na hÉireann cheana féin a ionchorprú, agus córas náisiúnta tomhais um fheidhmíocht calafort a thabhairt isteach chun cabhrú le meastóireacht an Rialtais ar a scairsheilbh sna Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo.

Tá sé tábhachtach go gcuimsítear i mboird de na cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit daoine aonair ag a bhfuil an meascán iomchuí de scileanna tráchtála, dlí agus cuntasaíochta a theastaíonn ó chuideachta thráchtála ar bith. I gcomhréir le moltaí an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ba cheart do bhoird na gcuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit aon bhearnaí in inniúlachtaí ag leibhéal an bhoird a shainaithint agus comhairle a chur ar an Aire i dtráth cuí sula dtagann aon fholúntais chun cinn.

Táthar ag súil go mbunóidh gach ceann de na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo polasaí soiléir díbhinní airgeadais i gcomhréir le beartas Rialtais níos leithne. Sa chás nach bhfuil an tAire sásta leis an bpolasaí díbhinní ar ghlac cuideachta calafoirt leis, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar threorú Aire de bhun alt 41(4)(b) faoin Acht Cuanta, 1996.

Coinneofar an polasaí a leagtar amach sa *Ráiteas maidir le Beartas na gCalafort, 2005*, nár cheart d'earnáil na gcalafort aon mhaoiniú breise ón Státchiste a fháil le haghaidh forbairt bonneagair nó eile.

## Beartas na gCalafort agus an Córas Pleanála agus Forbartha

Baineann ríthábhacht leis an gcaidreamh agus an idirghníomhaíocht idir earnáil na gcalafort tráchtála agus an córas pleanála agus forbartha agus forbairt inbhuanaithe leantach earnáil na gcalafort á chinntiú.

Tá an soláthar acmhainne leordhóthanaí agus éifeachtúla isteach sa todhchaí ina chuspóir straitéiseach ríthábhachtach go fóill; mar sin féin, níl beartas calafort saintreorach maidir le suíomh na hacmhainne calafoirt amach anseo.

Tá sé soiléir nach bhfuil aon bhrú gearrthéarmach ar acmhainn na gcalafort náisiúnta; éilíonn an phleanáil agus an fhorbairt bonneagair mhórscála, ar nós forbairt calafoirt tráchtála, fís fhadtéarmach.

Teastaíonn acmhainní suntasacha eagrúcháin, oibriúcháin agus airgeadais ón bpleanáil, maoiniú agus forbairt tionscadal bonneagair mhórscála, ar nós tograí móra acmhainne calafoirt. Tá sé tábhachtach go bhfuil na hacmhainní atá ag teastáil lena chinntiú go ndéanfar leas an Stáit agus an phobail a chosaint agus a bhreisiú ag na comhlachtaí atá ag tabhairt forbairtí móra acmhainne calafoirt anuas in earnáil na gcalafort tráchtála Stáit.

Tá an Rialtas ag súil, mar sin de, go dtreoróidh na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1) freagairt earnáil na gcalafort tráchtála Stáit do riachtanais acmhainne calafort náisiúnta amach anseo. Tá ról ina leith seo do na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) in acmhainn bhreise a fhorbairt chun cabhrú le tosca iomaíocha laistigh de na hearnálacha aonadaithe go háirithe.

Ní dhéantar breithniú ar thacaíocht páirtithe leasmhara d'fhorbairtí móra acmhainne calafoirt deartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais náisiúnta acmhainne ach amháin laistigh den chreat seo.

Rinne roinnt dár gCalafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo cleachtaí máistirphleanála calafoirt a chur i gcrích nó a thosú. Ba cheart do na cuideachtaí sin teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis phleanála lena mbaineann chun a chinntiú go mbeidh máistirphleananna calafoirt agus straitéisí pleanála agus forbartha lena mbaineann comhlántach agus comhsheasmhach.

Mar chuid den líonra Eorpach athbhreithnithe éiritheach LTE-I, tá an Roinn ag iarraidh a chinntiú go gcuirfear roinnt tosaíochtaí rochtana cúlchríoch calafoirt san áireamh mar chuid den 'líonra láir' a bheartaítear. Cuimsítear naisc bhóithre agus naisc iarnróid araon sna tosaíochtaí seo.

## Saincheisteanna Comhshaoil agus Imeall Trá

Tá calafoirt lonnaithe go minic in inbhir nó i gcriosanna cósta atá aitheanta mar a bheith "*i measc na n-éiceachóras is dinimiciúla agus is casta ar domhan*" (Coimisiún na gComhphobal Eorpach, 2011a). Tá forbairt laistigh de limistéir chasta agus íogaire den chineál sin faoi réir maoirseacht dhian ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach.

D'fhéach tionscnaimh le déanaí ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE le tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir leis an idiroibriú idir reachtaíocht comhshaoil agus tionscadail forbartha calafoirt a bheartaítear.

D'éascaigh an Roinn teagmháil idir Cumann Calafort na hÉireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta d'fhonn comhaontú riaracháin a bhunú, faoi mar atá foráilte ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga), 2011.

Tá saincheist an riaracháin imeall trá mar réimse an-tábhachtach eile d'earnáil na gcalafort tráchtála. Braitheann an earnáil go mór ar chóras éifeachtach agus éifeachtúil riaracháin imeall trá chun soiléireacht i nós imeachta agus cinnteacht in uainiú a éascú.

Leag Clár an Rialtais béim ar an ngá le hailtireacht nua phleanála agus toilithe le haghaidh forbartha ar an imeall trá le gur féidir le hÉirinn an t-uasluach a bhaint amach óna hacmhainn mhuirí. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag leanúint uirthi obair ar reachtaíocht nua sa réimse seo.


Is é croíchuspóir Bheartas Náisiúnta na gCalafort margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí

ALT 1

# INTR

# EOIR

**Creid íomhá:** Cuideachta Chalafort Phort Láirge



# 6,767 SOITHÍ

19 milliún tonna

## CALAFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

# 15 SOITHÍ

19,000 tonna

## THRÁ LÍ AGUS NA FIANAITE

# 2011

# 1. INTREOIR

Tháinig 12,057 soitheach a d'iompair 45 milliún tonna chuig 19 gcalafort Éireannacha i 2011. Léirítear an éagsúlacht atá soiléir san earnáil seo sna figiúirí a thaispeánann gur éascaigh calafort Bhaile Átha Cliath 6,767 ceann de na soithí seo agus gur láimhseáil sí pas beag níos mó ná 19 milliún tonna. Ag an taobh eile den scála, d'éascaigh Trá Lí agus an Fhianait, ar calafort faoi rialú Chomhairle Contae Chiarraí é, 15 shoitheach tráchtála agus láimhseáil sí tuairim is 19,000 tonna.

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 1.1, feidhmíonn na 19 gcalafort seo faoi raon struchtúr úinéireachta éagsúil.

Tábla 1.1: Calafoirt, struchtúr úinéireachta, teacht isteach soithí, 2011

| Calafort | Struchtúr | Teacht Isteach (Líon) |
|---|---|---|
| Bá Bheanntraí | Údarás Cuain | 30 |
| Baile Chaisleáin Bhéarra | Ionad Iascaigh | 17 |
| Corcaigh | Cuideachta Calafoirt | 1274 |
| Droichead Átha | Cuideachta Calafoirt | 184 |
| Baile Átha Cliath | Cuideachta Calafoirt | 6767 |
| Dún Laoghaire | Cuideachta Calafoirt | 182 |
| *Dún Dealgan | Cuideachta Calafoirt | 51 |
| Gaillimh | Cuideachta Calafoirt | 158 |
| An Grianfort | Úinéireacht Phríobháideach | 86 |
| Na Cealla Beaga | Ionad Iascaigh | 90 |
| Cionn tSáile | Údarás Áitiúil | 37 |
| Ros Mhic Thriúin | Cuideachta Calafoirt | 131 |
| Ros Láir | Iarnród Éireann | 1791 |
| Faing na Sionainne | Cuideachta Calafoirt | 680 |
| Sligeach | Údarás Áitiúil | 20 |
| Trá Lí agus an Fhianait | Údarás Áitiúil | 15 |
| Port Láirge | Cuideachta Calafoirt | 426 |
| Cill Mhantáin | Cuideachta Calafoirt | 56 |
| Eochaill | Údarás Áitiúil | 82 |


* *I mí Iúil 2011, díscaoileadh Cuideachta Chalafort Dhún Dealgan agus aistríodh a feidhmeanna chuig Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath.*

Tá naoi gcuideachta calafoirt tráchtála Stáit bunaithe faoi úinéireacht an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Feidhmíonn Iarnród Éireann Calafort Eorpach Ros Láir faoi shocrú casta úinéireachta lena mbaineann calafort Gharda an Éisc a bhí ag feidhmiú sa 19ú hAois. Feidhmíonn údarás cuain amháin, is é sin Bá Bheanntraí, faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus reáchtálann údaráis áitiúla ceithre chalafort. Mar chríoch, tá dhá ionad iascaigh ann mar a bhfuil trácht lasta tráchtála teagmhasach lena bpríomhchuspóirí, agus calafort tráchtála amháin faoi úinéireacht phríobháideach, an Grianfort.

Bunaíodh na húdaráis éagsúla chuain agus chalafoirt ar dhóigh shealadach thar na trí chéad bliain seo a chuaigh thart. In aghaidh treochtaí margaidh a bhí ag éabhlóidiú, cruthaíodh na struchtúir thraidisiúnta rialachais chorparáidigh a bheith mí-oiriúnach go mór agus cuireadh tús le próiseas corparáidithe i 1997 i ndáil leis na calafoirt níos mó.

Tugadh spreagadh do chuideachtaí calafoirt dul in iomaíocht le chéile, le linn don Stát treorú teoranta a chur ar fáil faoi fhís uileghabhálach a fhorbairt don earnáil. Ina theannta sin, ní dhearnadh aon idirdhealú idir calafoirt a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo agus calafoirt a bhfuil tábhacht níos réigiúnaí ag baint leo. Rud eile de, mar gheall ar iomadú na gcalafort faoi choimirce na Roinne, ba éard a bhí i bpríomhfhócas

Fíor 1.1: Tonnáiste arna láimhseáil ag calafoirt Éireannacha 1997-2011




*(CSO, 1997–2011)*

Sna deich mbliana idir corparáidiú na gcalafort idir 1997 agus 2007, bhí méadú de bheagnach 50% ar thréchur ag calafoirt tráchtála an Stáit ó 36.3 milliún tonna go 54.1 milliún tonna. Bhí céatadán mór den mhéadú seo inchurtha i leith trácht aonadaithe, trácht a raibh méadú de bheagnach 100% air sa tréimhse sin. Is creidiúint na gcalafort í go raibh siad inchurtha leis an dúshlán tríd an méadú seo ar mhéid a éascú go rathúil, gan aon chur isteach suntasach ar thrádáil.

Ón mbliain 2007 i leith, áfach, tháinig dúshlán an-difriúil ar fad os comhair earnáil na gcalafort i rith an choir chun donais eacnamaíoch. Bhí laghdú de bheagnach 30% ar thonnáiste iomlán i 2008 agus i 2009. Tháinig méadú 7.7% air i 2010 agus d'fhan sé ag an leibhéal céanna den chuid is mó i 2011. Is ionann an méid trächta atá á láimhseáil ag calafoirt na hÉireann agus an méid a láimhseáladh deich mbliana ó shin.

Mhaolaigh an titim seo na buarthaí láithreacha faoi acmhainn náisiúnta a tháinig chun cinn sa tréimhse mhearfhorbartha go dtí 2007. Éilíonn bonneagar iompair pleanáil agus fís fhadtéarmach, áfach. Ó tosaíodh corparáidiú i 1997 agus le foilsiú an *Ráitis maidir le Beartas na gCalafort*, 2005, ina dhiaidh sin, is féidir an beartas ginearálta um earnáil na gcalafort a thuairisciú go cruinn mar *laissez faire*.

iarrachtaí na Roinne sa réimse seo ná maoirseacht rialachais chorparáidigh ar na comhlachtaí sin, in ionad treorú a chur ar fáil do na calafoirt mhóra a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

Tugann Beartas Náisiúnta na gCalafort aghaidh ar na saincheisteanna práinneacha os comhair na hearnála faoi láthair, ach cuimhníonn sé ar an saol atá romhainn chun a chinntiú go mbeidh calafoirt tráchtála páirteach go hiomlán i dtéarnamh agus rath geilleagrach a éascú.

Dá bhrí sin, tugann Beartas Náisiúnta na gCalafort catagóiriú soiléir earnáil na gcalafort go Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1), Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) agus Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo.

Rud eile de, bunaíonn sé tacar prionsabal uileghabhálach le bheith mar bhonn agus thaca ag creat beartais a thabharfaidh an deis d'earnáil na gcalafort tráchtála forbairt ar dhóigh inbhuanaithe. Laistigh den chreat atá leagtha amach thuas, déanann sé foráil do chinntí amach anseo ar athstruchtúrú calafoirt atá deartha le bheith oiriúnach do na tosca an-éagsúil os comhair na gcalafort faoi láthair.

ALT 2

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN AGUS ÚINÉIREACHTA

# 2. STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN AGUS ÚINÉIREACHTA

## 2.1 Intreoir

Tá struchtúr eagrúcháin earnáil calafort tráchtála na hÉireann gan athrú den chuid is mó ó chorparáidiú mar thoradh ar an Acht Cuanta, 1996. Thug an próiseas sin léargas ar earnáil Eorpach na gcalafort arbh é ba phríomhthréith ann bogadh amach ó struchtúir thraidisiúnta eagrúcháin i dtreo aonáin tráchtála níos solúbtha a bhfuil cumas níos fearr acu freagairt d'éilimh mhargaidh atá ag athrú.

Tá an tsamhail um rialachas calafort in Éirinn i gcomhréir leis an norm Eorpach den chuid is mó. Aimsíodh i suirbhé le déanaí arna dhéanamh ag Eagraíocht Eorpach na gCalafort *"that the vast majority of port authorities in Europe are publicly owned"* agus *"the ownership situation of port authorities looks fairly stable"* (Verhoeven, 2011). Is eisceacht í an Ríocht Aontaithe toisc go ndearnadh cuid mhór calafort a phríobháidiú sa tréimhse ó 1980. Mar sin féin, tá cuid mhór calafort de chuid na Ríochta Aontaithe faoi úinéireacht an phobail go fóill. I dTuaisceart Éireann, tá Béal Feirste, an Pointe agus Doire in úinéireacht an phobail go fóill. Tá Latharna faoi úinéireacht phríobháideach.

Ó chorparáidiú na gcalafort faoi úinéireacht an Stáit, d'fhan beartas na gcalafort in Éirinn *laissez faire* i ndáil le heagrúchán agus forbairt na hearnála. Tugtar tasc neamhspleách do gach ceann de na cuideachtaí calafoirt a gcalafort féin agus a ngnó tráchtála ar leith a fhorbairt, faoi réir feidhmeanna áirithe forchoimeádta Aire.

Rinne an Rialtas dhá idirghabháil réasúnta beag i struchtúr eagrúcháin na hearnála ó 1996. I 2000, cónascadh Cuideachta Chalafort Inbhear na Sionainne agus Cuideachta Chalafort Fhaing chun Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne a bhunú. I 2011, díscaoileadh Cuideachta Chalafort Dhún Dealgan agus aistríodh a feidhmeanna chuig Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath. Forbairtí frithghníomhacha ba ea an dá idirghabháil seo, a tháinig chun cinn mar gur tháinig deacrachtaí airgeadais agus rialachais chorparáidigh ar chuideachta calafoirt, in ionad cuid de chreat forbartha níos leithne beartais chalafort a chruthú.

D'fhreagair an struchtúr seo de chuideachtaí calafoirt iomaíocha neamhspleácha go réasúnta maith le héilimh mhargaidh atá ag éabhlóidiú. Mar thoradh ar na dúshláin dheacra os comhair na hearnála anois, áfach, is tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu an oireann, nó nach n-oireann, an struchtúr reatha is fearr don chineál seirbhísí calafoirt agus bonneagair ag teastáil don todhchaí a fhorbairt.

## 2.2 Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit

Ba é a bhí i dTuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit dhá mholadh shainiúla i ndáil le hearnáil na gcalafort tráchtála (Grúpa Athbhreithnithe, 2011):

**Moladh 29:** *Molann an Grúpa Athbhreithnithe gur cheart na calafoirt faoi úinéireacht an Stáit, Ros Láir san áireamh, a athstruchtúrú go roinnt cuideachtaí ilchalafoirt in iomaíocht le chéile, tógtha timpeall Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Fhaing na Sionainne. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Údarás Iomaíochta maidir leis an bpróiseas cónasctha.*

**Moladh 30:** *Molann an Grúpa Athbhreithnithe gur cheart breithniú a dhéanamh ar roinnt de na calafoirt nó na calafoirt go léir a phríobháidiú, agus b'fhearr é a dhéanamh tar éis an athstruchtúraithe mholta. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na hiomaíochta san earnáil ar bhonn uile-Éireann sula ndéanfaí socruithe oiriúnacha rialála a chur i bhfeidhm, dá measfaí iad a bheith riachtanach.*

Tá moltaí na tuarascála tarraingteach ó thaobh a simplíochta agus a soiléireachta coibhneasta de. Oibríonn éagsúlacht earnáil calafort tráchtála na hÉireann in aghaidh cur chuige 'tomhas amháin a oireann do chách' den chineál sin, áfach.

## 2.3 Saincheisteanna lena mbreithniú

Is é croíchuspóir Bheartas Náisiúnta na gCalafort margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú do sheirbhísí iompair mhuirí. Ós rud é gur náisiún oileánda sinn, tá sé ríthábhachtach go bhfuil ár dtairseacha muirí idirnáisiúnta oiriúnach don fheidhm. Is éard atá sa treocht idirnáisiúnta fhadtéarmach i gcalafoirt agus i loingseoireacht ná acmhainní a chomhdhlúthú d'fhonn éifeachtúlachtaí barrmhaitheasa scála a bhaint amach. Tá torthaí seachthairbhe aici sin maidir le méid na soithí, na doimhneachtaí uisce ag teastáil ag calafoirt agus cineál agus scála nasc iompair chúlchríche na gcalafort.

Níl na treochtaí seo nua agus tá siad ina gcúis le comhdhlúthú de réir a chéile i measc calafoirt tráchtála Éireannacha thar na blianta. Ní úsáideann loingseoireacht tráchtála calafoirt ar nós an Inbhir Mhóir agus Chathair na Mart, arbh ionann iad agus calafoirt tráchtála ghnóthacha tráth. Luathaigh an cor chun donais eacnamaíoch an próiseas seo; tá trácht calafoirt á mhealladh níos mó i dtreo na gcalafort níos mó le blianta beaga anuas chun leas a bhaint as acmhainn agus barainneachtaí scála, méid na soithí go háirithe. Aibhsítear na treochtaí seo i gcomhthéacs domhanda agus Éireannach i dTábla 2.1, i dTábla 2.2 agus i dTábla 2.3 thíos. Déanann na treochtaí seo deiseanna soiléire a thabhairt le haghaidh forbartha ag roinnt calafort agus dúshláin a thabhairt do chalafoirt eile.

Tá Beartas Náisiúnta na gCalafort deartha lena chinntiú go mbeidh earnáil na gcalafort ábalta freagairt do na treochtaí domhanda seo. Maidir le calafoirt a bhfuil todhchaí theoranta acu i loingseoireacht tráchtála go meántéarmach nó go fadtéarmach, tá gá le creat forbartha a oireann is fearr dá n-imthosca aonair.

Bíonn an-éagsúlacht idir na calafoirt maidir le hacmhainn reatha agus cumas amach anseo. Aithníonn an beartas seo an ról a imríonn ár gcalafoirt go léir, le linn dó na difríochtaí eatarthu a admháil.

Déanann Beartas Náisiúnta na gCalafort na calafoirt sin a láimhseálann lasta tráchtála a chatagóiriú dá bhrí sin go:

**Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1)**
*Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath, Cuideachta Chalafort Chorcaí agus Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne*

**Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2)**
*Cuideachta Chalafort Phort Láirge agus Calafort Eorpach Ros Láir*

**Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo**
*Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha, Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, Cuideachta Chuan na Gaillimhe, Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin, Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin agus gach calafort eile a láimhseálann lasta tráchtála*

Pléitear in Alt 2.5-2.7 leis an gcatagóiriú seo agus leis na cuideachtaí calafoirt aonair go mionsonraithe.

Tábla 2.1: Titim i dtonnáiste arna láimhseáil ag calafoirt roghnaithe Éireannacha

| Calafort | 1998 | 2011 | Titim |
|---|---|---|---|
| Dún Laoghaire | 240,000 | 12,000 | -95% |
| Ros Mhic Thriúin | 1,020,000 | 357,000 | -65% |
| Droichead Átha | 958,000 | 489,000 | -49% |
| Cill Mhantáin | 158,000 | 99,000 | -37% |
| Gaillimh | 599,000 | 554,000 | -7% |

*(CSO, 1998–2011)*

Tábla 2.2: Olltonnáiste meánach na soithí a thagann chuig calafoirt Éireannacha

| | 1998 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Olltonnáiste meánach | 1,057 | 1,407 | 1,554 | 1,672 | 1,733 | 1,855 |

*(CSO, 1998–2011)*

Tábla 2.3: Treochtaí domhanda fadtéarmacha chabhlach na long choimeádán láncheallach

| | 1987 | 1997 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meánmhéid na Soithí (TEU) | 1,155 | 1,581 | 2,417 | 2,516 | 2,618 | 2,742 | 2,893 |

*(UNCTAD, 2011)*

### 2.3.1 Iomaíocht

Dá dtagraítear roimhe seo, is é croíchuspóir Bheartas Náisiúnta na gCalafort margadh iomaíoch agus éifeachtach a éascú do sheirbhísí iompair mhuirí. Is saincheist ríthábhachtach í saincheist na hiomaíochta lena chinntiú go bhfreastalóidh an cineál áiseanna agus seirbhísí calafoirt a éilíonn sé ar ár ngeilleagar.

Tá formhór mór ár mbonneagair chalafoirt faoi úinéireacht an Stáit. Is éard atá i struchtúr reatha earnáil na gcalafort tráchtála Stáit ná aonáin tráchtála neamhspleácha a gceanglaítear ar gach ceann acu a ngnó tráchtála aonair a fhorbairt tuilleadh. Tá iomaíocht laistigh den earnáil ar fáil in iomaíocht idirchalafoirt agus in iomaíocht ionchalafoirt araon, rud is féidir a fheiceáil sna críochfoirt cheadúnaithe atá á bhfeidhmiú ag an earnáil phríobháideach atá in iomaíocht le chéile laistigh d'eastát chalafort Bhaile Átha Cliath agus sna soláthraithe seirbhíse earnála príobháidí atá in iomaíocht le chéile a fheidhmíonn i gcalafoirt éagsúla.

Ní mór a admháil gur féidir iomaíocht idir calafoirt a bheith teoranta mar thoradh ar a suíomh geografach agus, dá bhrí sin, ar rochtain ar phríomhbhealaí loingseoireachta agus ar áiteanna margaidh intíre. Trí shamhail oibriúcháin de shaghas tiarna talún a ghlacadh a dhéanann soláthar d'iomaíocht ionchalafoirt, agus don teacht chun cinn calafort atá láidir, inbhuanaithe agus dea-nasctha a bhfuil cumas acu seirbhísí a thairiscint ar scála iomchuí, go háirithe laistigh de na hearnálacha aonadaithe, is féidir cur in aghaidh an bhuntáiste nádúrtha as a mbaineann calafoirt áirithe leas.

I roinnt staidéar a cuireadh i gcrích ó chorparáidiú na gcalafort go mall sna 1990í, amhail *Assessment of Shipping Costs to and from Irish Ports 2000, the Performance Audit of State Ports in 2001* agus *Assessment of Port Services – Issues for Enterprise 2009*, tagraíodh go dearfach do na tosca iomaíocha san earnáil. Ní dhearnadh aon staidéar sainiúil neamhspleách ar iomaíocht san earnáil go dtí seo, áfach.

D'fhógair an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta i mí an Mheithimh 2012 gur iarr sé ar an Údarás Iomaíochta staidéar a dhéanamh ar earnáil na gcalafort in Éirinn. I gcomhréir leis na tiomantais a tugadh sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist, foilseoidh an tÚdarás Iomaíochta torthaí an staidéir mhargaidh seo i 2013. Tabharfaidh a thoradh eolas do bheartas an Rialtais amach anseo maidir le hiomaíocht in earnáil na gcalafort, agus soláthróidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freagairt réasúnaithe d'aon mholtaí a thabharfar don Roinn laistigh de sé mhí tar éis a fhoilsithe.

## 2.4 Líonra Tras-Eorpach – Iompar (LTE-I)

Is éard atá san athbhreithniú beartaithe ar Líonra Tras-Eorpach – Iompar (LTE-I) de chuid an Aontais Eorpaigh ná líonra cuimsitheach iompair ina bhfuil croílíonra d'ardtosaíocht. Nascann an croílíonra na ceantair uirbeacha is mó san Eoraip agus cuireann sé na conairí iompair, na caolais agus na moil ilchóracha is mó san Eoraip san áireamh. Cuirtear san áireamh sa líonra cuimsitheach líonra fairsing dlúth d'iarnróid, de bhóithre, d'uiscebhealaí intíre, de chalafoirt, d'aerfoirt agus de chríochfoirt lasta.

Osclóidh an clár athbhreithnithe LTE-I deiseanna do chalafoirt LTE-I úsáid a bhaint as na saoráidí cistithe a chuirfear i bhfeidhm tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena n-áirítear na Bannaí Tionscadail beartaithe. Rinne an Coimisiún Eorpach a thograí i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá na tograí ag céim réasúnta luath den phróiseas reachtaíochta Eorpach go fóill agus ní ghlacfar an pacáiste deiridh roimh 2013 ar a luaithe.

Le go gcuirfear san áireamh sa chroílíonra iad, ní mór do chalafoirt méideanna suntasacha lasta agus/nó tráchta paisinéirí agus leibhéal ard de nascacht idirnáisiúnta a bheith acu agus, faoin mbliain 2030, a bheith nasctha le croílíonra iarnróid agus bóithre na hEorpa.

> Tá iomaíocht laistigh den earnáil ar fáil in iomaíocht idirchalafoirt agus in iomaíocht ionchalafoirt araon

## 2.5 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1)

Tá na critéir a úsáideann an Coimisiún Eorpach cosúil den chuid is mó leo siúd a úsáidtear chun na **Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1)** a shainaithint. Is ionann sin agus calafoirt:

- atá freagrach as 15% go 20% den tonnáiste iomlán a thagann trí chalafoirt Éireannacha, agus

- a bhfuil cumas soiléir acu an fhorbairt ar acmhainn calafoirt sa todhchaí a threorú go meántéarmach agus go fadtéarmach, nuair is gá agus de réir mar is gá.

Moltar trí chalafort lena gcur san áireamh i gcroílíonra LTE-I: Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Fhaing na Sionainne. Sainaithnítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort gur Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1) iad na calafoirt seo freisin. **Is príomhchuspóir de Bheartas Náisiúnta na gCalafort é forbairt tráchtála leantach na dtrí cinn seo de na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo**.

I ndáil le croílíonra LTE-I, moltar gur cheart Braisle Calafort Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh mar chroíchalafort. Cuimsíonn an coincheap braisle calafort seo na calafoirt reatha laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus aon saoráidí calafoirt sa todhchaí a d'fhéadfaí a fhorbairt go dtí 2050. Tá sé seo i gcomhréir le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022, a thacaíonn le scrúdú ar leathnú Chalafort Bhaile Átha Cliath agus/nó ar shaoráid nua calafoirt ar chósta thoir Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Mar sin féin, ní dhéanann Beartas Náisiúnta na gCalafort Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath a chatagóiriú ach mar Chalafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leis (Sraith 1)[1] laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

### 2.5.1 Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath

Tá Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath ar an gcomhlacht calafoirt is mó sa Stát. Láimhseálann sé tuairim is 43% den trádáil mhuirí sa Stát. Tá tábhacht an chalafoirt níos soiléire fós sna hearnálacha aonadaithe luacha níos airde (Lóló agus Róró) mar a láimhseálann sé tuairim is 70% den trádáil Lóló agus 85% den trádáil Róró ar fad sa Stát (IMDO, 2012a).

I mí Feabhra 2012, d'fhoilsigh Calafort Bhaile Átha Cliath a Mháistirphlean ina leagtar amach fís forbartha thar na 30 bliain romhainn. Léiríonn an plean creat cuimsitheach le haghaidh fhorbairt fhadtéarmach an chalafoirt agus tá trí chroíphrionsabal mar bhonn agus thaca aige:

- úsáid na dtailte calafoirt reatha a uasmhéadú.

- an calafort a ath-chomhtháthú leis an gcathair.

- an calafort a fhorbairt ar na caighdeáin chomhshaoil is airde.

Aithnítear gur cinnte go dtugann suíomh Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath buntáiste iomaíochta don chalafort in aghaidh na gcalafort go léir eile agus go mbeidh sé ina chúis le buarthaí faoi iomaíocht. Má dhéantar an tsamhail oibriúcháin de shaghas tiarna talún a leanúint agus a neartú in eastát na gcalafort, áfach, éascófar iomaíocht ionchalafoirt leantach idir na críochfoirt chalafoirt faoi úinéireacht phríobháideach laistigh d'eastát an chalafoirt.

Tacaíonn an Rialtas leis na croíphrionsabail atá mar bhonn agus thaca ag Máistirphlean an chomhlachta, agus is ionann forbairt tráchtála leantach Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath agus príomhchuspóir straitéiseach de Bheartas Náisiúnta na gCalafort.

Tábla 2.4: Forbhreathnú ar Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 13,240 | 19,548 | 19,467 |
| Láimhdeachas (€'000) | 45,240 | 66,969 | 69,111 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 20,415 | 27,031 | 27,830 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 14,063 | 20,534 | 27,911 |
| Fostaithe | 455 | 152 | 145 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chomhlacht calafoirt tráchtála*

1 *Déanann Beartas Náisiúnta na gCalafort Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire agus Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha a chatagóiriú mar Chalafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo (féach alt 2.7).*

## 2.5.2 Cuideachta Chalafort Chorcaí

Tá Cuideachta Chalafort Chorcaí ar cheann amháin de dhá chalafort – tá Calafort Bhaile Átha Cliath ar an gceann eile - a bhfuil an cumas acu trácht a láimhseáil sna cúig phríomh-mhód tráchta go léir (Lóló, Róró, Briseadh an Bhuilc, Bulc Tirim agus Bulc Leachta). Láimhseálann sí tuairim is 19% den trádáil mhuirí ar fad sa Stát. Níl ach Baile Átha Cliath níos tábhachtaí ná í san earnáil Lóló, toisc go láimhseálann sí timpeall ar 21% den trácht Lóló ar fad sa Stát (IMDO, 2012a).

Leagadh amach san *Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Straitéisí* de chuid Chalafort Chorcaí, a foilsíodh i 2010, rún na cuideachta trádáil tráchtála a athshuí le himeacht ama sa cheantar cuain níos ísle ag Rinn an Scidígh. Tá Calafort Chorcaí ag leanúint uirthi teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara lena mbaineann d'fhonn moltaí an athbhreithnithe seo a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe.

Tacaíonn an Rialtas leis na croíphrionsabail atá mar bhonn agus thaca ag an *Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Straitéisí*, agus is ionann forbairt tráchtála leantach Chuideachta Chalafort Chorcaí agus príomhchuspóir straitéiseach de Bheartas Náisiúnta na gCalafort.

## 2.5.3 Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne

Tá Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne ar an gcalafort builc is mó sa tír agus láimhseálann sí tuairim is 20% den trádáil mhuirí ar fad sa Stát. Tá ceannas an chalafoirt in earnáil an bhuilc thirim suntasach go háirithe; tá sciar timpeall ar 63% den mhargadh san earnáil seo (IMDO, 2012a).

D'fhéach an chuideachta le héagsúlú isteach in earnálacha eile, mar shampla, tríd an inbhear a chur chun cinn mar shainmhol fuinnimh, go háirithe in earnáil thrialach agus éiritheach an fhuinnimh aigéin (fuinneamh gaoithe ón talamh agus fuinneamh tonnta).

Tá cleachtadh máistirphleanála á dhéanamh ag Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne faoi láthair d'fhonn a fís maidir lena forbairt do na 30 bliain romhainn a leagan amach. Ina theannta sin, tá sí ag obair le páirtithe leasmhara eile i gceantar inbhear na Sionainne ar Phlean Creata Chomhtháite a chur i gcrích don inbhear ina iomláine, mar a dhéantar foráil dó i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Mheán-Iarthair.

Sainaithníonn Beartas Náisiúnta na gCalafort gur ábhar tosaíochta réasúnta é feabhsú na nasc lasta bóithre agus iarnróid go Calafort Fhaing na Sionainne. Tugann sé tacaíocht go háirithe d'athoscailt an naisc lasta iarnróid, ar choinníoll go bhfuil sí inmharthana ó thaobh tráchtála.

Is ionann forbairt tráchtála leantach Chuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne agus príomhchuspóir straitéiseach de Bheartas Náisiúnta na gCalafort.

### Tábla 2.5: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Chorcaí

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 8,895 | 8,466 | 8,434 |
| Láimhdeachas (€'000) | 13,800 | 21,997 | 21,409 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 5,624 | 2,027 | 1,313 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 5,543 | 2,114 | 1,197 |
| Fostaithe | 104 | 107 | 107 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

### Tábla 2.6: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne

| | 2001* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 10,708 | 9,134 | 9,899 |
| Láimhdeachas (€'000) | 7,158 | 9,928 | 10,147 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | -3,266 | 2,531 | 2,858 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | -2,945 | 1,103 | 2,728 |
| Fostaithe | 55 | 44 | 42 |

* *Ba í 2001 an chéad bhliain airgeadais iomlán de Chuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne tar éis cónasctha*

## 2.6 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2)

Sainaithníonn Beartas Náisiúnta na gCalafort dara sraith calafort, **Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2)**. Is ionann iad agus calafoirt:

- atá freagrach as 2.5% ar a laghad den tonnáiste iomlán a thagann trí chalafoirt Éireannacha;
- a bhfuil cumas intaispeánta acu méideanna níos airde de thrácht aonadaithe a láimhseáil, agus
- a bhfuil naisc iompair reatha acu chun freastal ar ionad margaidh náisiúnta níos leithne lasmuigh dá ngar-réigiún.

Comhlíonann dhá chalafort na riachtanais seo: Cuideachta Chalafort Phort Láirge agus Calafort Eorpach Ros Láir.

Tá Bá Bheanntraí freagrach as 11.9% den bhulc leachta ar fad arna láimhseáil ag calafoirt Éireannacha, agus as 3.1% den tonnáiste ar fad arna láimhseáil ag calafoirt Éireannacha, ach ní chuirtear san áireamh é mar Chalafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leis (Sraith 2). Is amhlaidh seo mar gheall ar chineál uathúil a chuid gnó, atá dírithe go sonrach ar athlastáil ola agus ar stóráil ola. Ina theannta sin, níl na naisc iompair ná na struchtúir rialachais chorparáidigh ag Bá Bheanntraí a theastaíonn chun forbairt mar chalafort a fhreastalaíonn ar riachtanais náisiúnta iompair lasmuigh dá ngar-réigiún.

De bhreis ar na critéir thuas a chomhlíonadh, comhlíonann Calafort Phort Láirge agus Calafort Eorpach Ros Láir critéir an Choimisiúin Eorpaigh maidir lena gcur san áireamh sa líonra cuimsitheach faoin togra LTE-I (féach alt 2.4). Cé nach bhfuil an méid céanna nascachta ag na calafoirt seo is atá ag calafoirt eile, is calafoirt iad a bhfuil ina gcuid lárnach den líonra iompair uile-Eorpach.

Láimhseáil an dá chalafort 8% den tonnáiste iomlán a tháinig trí chalafoirt Éireannacha i 2011 i dteannta a chéile, agus tá dea-nascacht bóithre agus iarnróid acu freisin. Tairgeann an dá chalafort seirbhísí sna hearnálacha aonadaithe luacha níos airde (Lóló i bPort Láirge agus Róró i Ros Láir) a thacaíonn le tosca iomaíocha laistigh de na hearnálacha sin trí rogha eile ón dá chalafort aonadaithe níos mó i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh a chur ar fáil.

**Tá an Rialtas tiomanta do bheith ag gníomhú chun a chinntiú go mbainfidh Calafort Phort Láirge agus Calafort Eorpach Ros Láir a lánacmhainneacht a bhaint amach.**

Ag eascairt as breithniú ar an staidéar a cuireadh i gcrích le déanaí ar Chalafort Phort Láirge (féach alt 2.6.1) agus ar an gcomhairle sheachtrach a choimisiúnaigh an Roinn i ndáil le Calafort Eorpach Ros Láir (féach alt 2.6.2), foilseoidh an Rialtas bealach trína bhféadfaidh an dá cheann seo de na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) a lánacmhainneacht a bhaint amach.

### 2.6.1 Cuideachta Chalafort Phort Láirge

Tá calafort Phort Láirge ar an gceathrú ceann is mó de na cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit maidir leis an tonnáiste iomlán a láimhsítear, agus tá sé ar an gceathrú ceann is mó nuair atá Calafort Eorpach Ros Láir curtha san áireamh. Tairgeann an calafort seirbhísí Lóló agus builc araon. Maidir le trácht Lóló, tá an calafort ar an gceann is lú de na trí chalafort Lóló toisc gur láimhseáil sé tuairim is 8% den trácht Lóló iomlán i 2011 (IMDO, 2012a). Baineann sé leas as nascacht shármhaith leis na líonraí náisiúnta bóithre agus leis an líonra náisiúnta iarnróid araon.


Tábla 2.7: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Phort Láirge

| | 2000* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 1,943 | 1,451 | 1,383 |
| Láimhdeachas (€'000) | 3,998 | 6,966 | 6,463 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 963 | -247 | -236 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | -975 | -574 | -440 |
| Fostaithe | 15 | 38** | 35** |

* *Ba í 2000 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

** *Folaíonn figiúirí fostaithe do 2010 agus do 2011 iad siúd atá fostaithe i Waterford Container Terminal Ltd, ar fochuideachta atá go hiomlán faoi úinéireacht na Cuideachta ón mbliain 2001 í..*

Fíor 2.1: Calafort Phort Láirge - Sciar tráchta mar chéatadán den mhargadh iomlán




*(CSO, 1998–2011)*

Mar is féidir a fheiceáil ó Fhíor 2.1, tháinig titim shuntasach ar thrádáil i gCalafort Phort Láirge le deich mbliana anuas. Tá sé seo dian go háirithe i gcás sciar Phort Láirge den mhargadh Lóló, ar tháinig laghdú air ó bheagnach 20% i 2001 go 8% i 2011. I ndáiríre, tá an titim ar an tonnáiste iomlán a láimhsítear i gCalafort Phort Láirge ar fud na mód go léir agus trí Lóló níos déine fós toisc gur tháinig titim 30% agus titim 29% faoi seach air idir 2001 agus 2011.

Bhí roinnt tosca páirteach sa mheath seo. Cé gur mhéadaigh na tosca eacnamaíocha an meath le blianta beaga anuas, d'fhulaing an calafort freisin mar thoradh ar thionchar na dtreochtaí bunúsacha in iompar muirí (féach alt 2.3), a raibh ina chúis le comhdhlúthú bealaí agus seirbhísí, go háirithe san earnáil Lóló.

Agus freagairt do na saincheisteanna seo á déanamh aige, chuaigh Calafort Phort Láirge i dteagmháil le comhairligh chun athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar oibriúcháin agus moltaí a thabhairt maidir lena oibriúchán agus lena fhorbairt amach anseo. Tabharfaidh toradh an athbhreithnithe seo agus obair leanúnach laistigh den Rialtas eolas d'fhorbairtí beartais amach anseo i ndáil le Calafort Phort Láirge.

Tá Calafort Eorpach Ros Láir ar an gceathrú calafort is mó maidir leis an tonnáiste iomlán a láimhsítear, agus tá sé ar an dara calafort paisinéirí is mó sa Stát


## 2.6.2 Calafort Eorpach Ros Láir

Tá Ros Láir leithleach i measc na gcalafort tráchtála stáit mar go bhfeidhmíonn sé lasmuigh den Acht Cuanta, 1996-2009. Tá an calafort ina chuid de Fishguard and Rosslare Railways and Harbour Company (FRRHC) ar tháinig a bhunús as an Fishguard Bay Railway and Pier Act 1893. Faoi láthair, tá freagracht airgeadais ar Iarnród Éireann agus Stena Line Ports Ltd. faoi seach as na calafoirt chomhpháirteacha (Ros Láir agus Garda an Éisc) den chuideachta.

Mar thoradh ar an socrú stairiúil seo, tá Calafort Eorpach Ros Láir á fheidhmiú mar rannóg d'Iarnród Éireann. Ós rud é nach aonán corparáideach ar leith é, ní féidir comparáid chruinn a dhéanamh idir é agus cuideachtaí calafoirt eile ó thaobh láimhdeachais, forchostas agus fostaithe de. Cuireann sé seo teorainn leis an ábaltacht a fheidhmíocht a thagarmharcáil go hiomchuí.

Tá céatadán suntasach de thrácht Róró na hÉireann ag Calafort Eorpach Ros Láir (féach Fíor 2.2), tá sé ar an gceathrú calafort is mó maidir leis an tonnáiste iomlán a láimhsítear, agus tá sé ar an dara calafort paisinéirí is mó sa Stát.

Fíor 2.2: Calafort Eorpach Ros Láir – sciar tráchta mar chéatadán den mhargadh iomlán




*(CSO, 1998–2011)*

Aibhsíodh i roinnt staidéar (lena n-áirítear an *High Level Review of the State Commercial Ports, 2003*, agus an *Report on the Ports Sector*, 2010, de chuid an Chomhchoiste um Iompar) toisc stádas neamhchoitianta reachtaíochta agus oibriúcháin an chalafoirt, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid le calafoirt eile faoi úinéireacht an Stáit é, rud a d'fhéadfadh srian a chur leis, agus moladh a chomhtháthú laistigh den chreat um rialachas calafort tráchtála Stáit iontu.

Tá Beartas Náisiúnta na gCalafort tiomanta do bheith ag cinntiú go mbainfear lánacmhainneacht tráchtála agus oibriúcháin Chalafort Eorpach Ros Láir amach. Dá bhrí sin, iarradh comhairle sheachtach d'fhonn anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar fheidhmíocht tráchtála agus oibriúcháin an chalafoirt, agus, más gá, aon mholtaí a dhéanamh maidir le hathruithe ar bith ar a struchtúir rialachais chorparáidigh nó oibriúcháin amach anseo.

## 2.7 Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo

Cé go bhfuil loingseoireacht tráchtála in Éirinn dírithe ar na cúig Chalafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo dá dtagraítear thuas, déanann 14 chalafort eile trácht tráchtála a láimhseáil agus feidhmiú mar éascaitheoirí tábhachtacha trádála dá gcúlchríoch réigiúnach agus áitiúil. Láimhseálann siad 8% den trácht tráchtála iomlán sa Stát i dteannta a chéile.

Mar is féidir a fheiceáil i dTábla 2.8, is cuideachtaí calafoirt faoi úinéireacht an Stáit iad cúig cinn de na 14 chalafort seo: Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha , Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire, Cuideachta Chuan na Gaillimhe, Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin agus Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin.

Tábla 2.8: Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo – struchtúr úinéireachta agus an tonnáiste arna láimhseáil, 2011

| Calafort | Struchtúr | Tonnáiste ('000) |
|---|---|---|
| Bá Bheanntraí | Údarás Cuain | 1,403 |
| Baile Chaisleáin Bhéarra | Ionad Iascaigh | 26 |
| Droichead Átha | Cuideachta Calafoirt | 489 |
| Dún Dealgan | Cuideachta Calafoirt | 107 |
| Dún Laoghaire | Cuideachta Calafoirt | 12 |
| Gaillimh | Cuideachta Calafoirt | 554 |
| An Grianfort | Úinéireacht Phríobháideach | 362 |
| Na Cealla Beaga | Ionad Iascaigh | 37 |
| Cionn tSáile | Údarás Áitiúil | 111 |
| Ros Mhic Thriúin | Cuideachta Calafoirt | 357 |
| Sligeach | Údarás Áitiúil | 46 |
| Trá Lí agus an Fhianait | Údarás Áitiúil | 19 |
| Cill Mhantáin | Cuideachta Calafoirt | 99 |
| Eochaill | Údarás Áitiúil | 82 |

Choinneáil ar an cúig chuideachta rólanna tábhachtacha ach éagsúla. Tá Cuideachta Chuan na Gaillimhe ina mol tábhachtach réigiúnach straitéiseach don allmhairiú peitriliam, stóráil agus dáileadh. Cé go bhfuil Dún Laoghaire faoi láthair an calafort paisinéirí triú is mó sa Stát agus tá an Chuideachta pleananna uaillmhianacha i dtéarmaí fóillíochta mara agus turasóireachta muirí. Coinníonn Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha ról tábhachtach ag dáileadh lasta réigiúnacha laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath cé go raibh an dá Chill Mhantáin agus an calafoirt Ros Mhic Thriúin áiseanna tábhachtacha dá bpobail áitiúla.

Tá na naoi gcalafort eile[2], ar ionaid chuain iascaigh iad ina bhfuil trácht lasta tráchtála teagmhasach lena bhfeidhm phríomha, á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla nó faoi úinéireacht phríobháideach.

Tháinig meath ar mhéid an tráchta a láimhsítear ag na cúig chuideachta calafoirt níos lú faoi úinéireacht an Stáit i dtéarmaí dearbha agus coibhneasta araon le deich mbliana anuas. Ní láimhseálann na cúig chuideachta seo ach 3% den tonnáiste iomlán i dteannta a chéile.

Tá sé soiléir nach bhfuil gá a thuilleadh le scairsheilbh an Rialtais láir sna cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit sin a chomhlíonann gá réigiúnach nó áitiúil. Is fearr forbairt fhadtéarmach na gcalafort seo a choinneáil laistigh dá bpobail réigiúnacha agus áitiúla chun deis a thabhairt don dá cheann acu forbairt ar dhóigh atá comhthairbheach.

Láimhseálann roinnt calafort a bhfeidhmíonn údaráis áitiúla iad, chomh maith leis an aon chalafort amháin atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a fheidhmítear go príobháideach, is é sin an Grianfort, leibhéil chosúla nó níos mó de thrácht tráchtála ná a láimhseálann cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit ar nós Chuideachta Chalafort Chill Mhantáin agus Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire.

Chun soiléireacht a chur ar fáil d'fhorbairtí amach anseo in earnáil na gcalafort, aithnítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort tríú catagóir de chalafoirt: **Calafoirt a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag Baint leo**. Is calafoirt iad seo a chomhlíonann feidhm thábhachtach réigiúnach agus/nó ceirdeanna sainfheidhme nó iompar muirí. I gcomhthéacs na dtreochtaí fadtéarmacha idirnáisiúnta i gcalafoirt agus i loingseoireacht dá dtagraítear thuas, tá na calafoirt seo teoranta maidir lena n-acmhainneacht amach anseo mar ionaid loingseoireachta tráchtála.

Aithnítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort, áfach, tábhacht na gcalafort seo i seirbhís a dtimpeallacht agus tacaítear le forbairt chothromúil réigiunach. Maidir le ceirdeanna sainfheidhme áirithe (m.s. allmhairí agus stóráil ola/pheitriliam / seirbhísiú fuinnimh amach ón gcósta) agus iompar muirí, is féidir le cuid de na calafoirt seo pairt níos tábhachtaí a ghlacadh i dtacaíocht le forbairt náisiúnta eacnamaíocht na hÉirinn.

Is iomaí sampla san Aontas Eorpach de chalafoirt tráchtála rathúla a bhfuil a n-úinéireacht dílsithe i rialtas áitiúil nó réigiúnach. Cuireadh in iúl san athbhreithniú ar struchtúir úinéireachta calafoirt a d'fhoilsigh Eagraíocht Eorpach na gCalafort i 2011 (Verhoeven, 2011) go raibh beagnach 41% de na calafoirt a ndearnadh suirbhé orthu rialaithe ag leibhéal éigin de rialtas in ionad an rialtais láir.

Maidir leis na cúig chuideachta calafoirt tráchtála Stáit níos lú, tá sé soiléir, in ainneoin a dtábhachta leanúnaí mar chalafoirt réigiúnaigh, ní saoráidí iad a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo a mbeadh údar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt rialú agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Tá struchtúir rialachais áitiúil níos oiriúnaí ann a bhfuil cumas níos fearr acu a chinntiú go mbainfear an lánacmhainneacht do chúlchríoch réigiúnach na gcalafort ar fad amach a oiread is féidir. Ina theannta sin, d'éascódh comhtháthú laistigh de struchtúir rialachais áitiúil scrúdú ar an ról féideartha a thairgeann leasanna earnála príobháidí áitiúla nó réigiúnacha in imthosca ar leith.

Leanann an beartas seo leis an gcleachtas roimhe seo. Aistríodh gach ceann de na húdaráis chuain a d'fheidhmigh roimhe sin faoin Acht Cuanta, 1946, gan ceann amháin a áireamh, chuig rialú údarás áitiúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cúig bliana anuas. Leanann roinnt de na calafoirt seo orthu trácht tráchtála a láimhseáil, le linn dóibh gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar muirí a fhorbairt.

Tábla 2.9: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Dhroichead Átha

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 958 | 499 | 489 |
| Láimhdeachas (€'000) | 1,468 | 1,998 | 1,799 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 546 | 418 | 569 |
| Brabúis tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 458 | 161 | 521 |
| Fostaithe | 20 | 13 | 10 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

*2 Is eisceacht Calafort Dhún Dealgan mar gur díscaoileadh Cuideachta Chalafort Dhún Dealgan i mí Iúil 2011 agus aistríodh a feidhmeanna chuig Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath*

Meastar a bheith riachtanach, mar sin de, creat níos soiléire a chur ar fáil a d'éascódh athchumraíocht struchtúrtha laistigh den earnáil le gur féidir leis na cuideachtaí calafoirt tráchtála níos lú faoi úinéireacht an Stáit forbairt ar dhóigh a n-oireann is fearr dá n-imthosca ar leith, mar atá sonraithe thíos.

### 2.7.1 Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha

Láimhseálann Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha trácht builc den chuid is mó faoi láthair; ní fheidhmítear ach seirbhís an-teoranta Lóló as an gcalafort i láthair na huaire. Faoi mar atá amhlaidh le roinnt cuideachtaí calafoirt níos lú eile, mhéadaigh an tábhacht a bhaineann le foinsí neamh-bhunioncaim le blianta beaga anuas (an Grúpa Athbhreithnithe, 2011).

Coinníonn Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha ról tábhachtach i ndáileadh lasta réigiúnach agus chuir sí rogha iomaíoch eile ó shaoráidí i gCalafort Bhaile Átha Cliath ar fáil roimhe seo. Mar thoradh ar na méideanna trádála a mbaineann an chuideachta leas astu, áfach, ba cheart do chomhlacht atá níos oiriúnaí ná an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoirseacht scairshealbhóra a chur ar fáil. Mar sin de, scrúdóidh an Roinn aistriú na feidhme scairshealbhóra chuig Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae na Mí. Déanfar breithniú freisin ar an ról a fhéadann an earnáil phríobháideach a imirt sa chalafort.

Cuirfidh an Roinn tús le plé leis na húdaráis áitiúla agus leis an gCuideachta Calafoirt chun cinneadh a dhéanamh ar an modh aistrithe is oiriúnaí chuig rialú údaráis áitiúil, laistigh den chreat a leagtar amach in alt 2.7.7.

### 2.7.2 Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire

Tá Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire ar an gceann is lú de na cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit i ndáil leis an tonnáiste lasta iomlán a láimhsíodh i 2011. Mar sin féin, tá sé ar an tríú calafort farantóireachta paisinéirí is mó sa Stát, taobh thiar de Bhaile Átha Cliath agus de Ros Láir. Bhog an cuan amach ó ghnó a bhaineann le calafort tráchtála le blianta beaga anuas agus meastar níos mó anois gur ionad é le haghaidh gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar muirí.

Cuireann suíomh an chalafoirt cóngarach do lár baile Dhún Laoghaire teorainn shuntasach lena acmhainneacht amach anseo mar mhórmhol iompair. Bhí an calafort lárnach tráth i dtrácht lasta agus paisinéirí idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe, ach láimhseálann sé lasta nach fiú ach beagán nó nach fiú dada, agus tháinig laghdú mór ar sheirbhísí farantóireachta. Ós rud é go bhfuil an calafort suite cóngarach do lár baile agus gur conláiste mór áitiúil agus ní is díol spéise do thurasóirí é, ní bheadh sé iomchuí láimhseáil mhórscála de thrácht lasta a athbhunú tríd an gcalafort, agus tá roghanna eile atá níos oiriúnaí laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Cé go gcuireann suíomh an chalafoirt i lár Dhún Laoghaire teorainn lena acmhainneacht mar mhol iompair, soláthraíonn sé deiseanna suntasacha. Tá sé ag éirí níos soiléire le deich mbliana anuas go mbainfidh todhchaí fhadtéarmach Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire le hiompar muirí, le turasóireacht mhuirí, le taitneamhacht chultúrtha agus le hathfhorbairt uirbeach. D'fhorbair an Chuideachta Chuain pleananna uaillmhianacha ina leith seo; ionchorpraítear iad sin ina Máistirphlean 2011. Níl an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an gcomhlacht iomchuí chun maoirseacht a dhéanamh ar na tograí seo, tograí atá dírithe ar athnuachan uirbeach, ar thaitneamhacht chultúrtha, ar iompar muirí agus ar áiseanna fóillíochta, in ionad cuspóirí náisiúnta iompair a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí go bhforbrófar na pleananna faoi choimirce Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus i gcomhar léi.

Cuirfidh an Roinn tús le plé leis an údarás áitiúil agus leis an gCuideachta Cuain chun cinneadh a dhéanamh ar an modh aistrithe is oiriúnaí chuig rialú údaráis áitiúil, laistigh den chreat a leagtar amach in alt 2.7.7.

### 2.7.3 Cuideachta Chuan na Gaillimhe

Is calafort builc Cuideachta Chuan na Gaillimhe a fhreastalaíonn go príomha ar tháirgí builc leachta, agus is ionann an cuan agus mol réigiúnach straitéiseach tábhachtach le haghaidh iompórtáil, stóráil agus dáileadh peitriliam. Mar thoradh ar leibhéil tréchuir atá ag meath, áfach, tá spleáchas méadaithe ar ghníomhaíochtaí calafoirt neamhláir mar shruthanna ioncaim. Díorthaíonn an chuideachta níos mó ná 50% dá hioncam anois ó ghníomhaíochtaí calafoirt neamhláir.

Tábla 2.10: Forbhreathnú ar Chuideachta Chuan Dhún Laoghaire

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 240 | 2 | 12 |
| Láimhdeachas (€'000) | 7,630 | 10,676 | 6,835 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 2,990 | 1,860 | -54 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 1,957 | 302 | -829 |
| Fostaithe | 60 | 40 | 28 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

Cosúil le cuan Dhún Laoghaire, cuireann suíomh an chuain cóngarach do lár cathrach na Gaillimhe teorainn lena acmhainneacht le haghaidh tuilleadh fairsingithe maidir le tráchtáil a mhéadú. Ní suíomh rítharraingteach é an cuan istigh le haghaidh turasóireacht mhuirí agus áiseanna fóillíochta, agus muiríne go háirithe, a fhorbairt, chomh maith le hathfhorbairt uirbeach.

Cé nach bhfuil aon tacaíocht Státchiste ar fáil do na forbairtí seo, tacaítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort leis na tograí forbartha i ndáil leis an gcuan istigh, dá *dtagraítear i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair, 2010-2022*, agus i *bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe, 2011-2017*, le haghaidh áiseanna turasóireachta muirí agus fóillíochta, agus le haghaidh athfhorbairt is athbheochan uirbeach. Rud eile de, tugann an Rialtas dá aire filleadh an tráchta turasóireachta cúrsála go cuan na Gaillimhe i 2012, agus tacaíonn sé le hiarrachtaí na cuideachta an gnó seo a fhorbairt.

Tá breithniú mionsonraithe á dhéanamh ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag gníomhaireachtaí eile lena mbaineann ar na pleananna le gníomhaíochtaí calafoirt tráchtála a athlonnú go suíomh nua ar thalamh mhíntírithe.

Mar thoradh ar scála an tráchta lasta tráchtála reatha tríd an gcalafort (1% den trácht náisiúnta), ar an bhfíric go dtagann breis agus leathchuid d'ioncam na cuideachta ó ghníomhaíocht calafoirt neamhláir, agus ar an bpointe ar a bhfuil a phleananna amach anseo bunaithe ar athnuachan uirbeach, fhóillíocht mhuirí agus thurasóireacht, tá sé beartaithe a fheidhm scairshealbhóra agus maoirseacht rialachais chorparáidigh ar an gCuideachta Cuain a aistriú ón Roinn Iompair chuig struchtúr áitiúil nó réigiúnach níos oiriúnaí.

Cuirfidh an Roinn tús le plé leis an údarás áitiúil agus leis an gCuideachta Cuain chun cinneadh a dhéanamh ar an modh aistrithe is oiriúnaí chuig rialú údaráis áitiúil, laistigh den chreat a leagtar amach in alt 2.7.7.

### 2.7.4 Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin

Is calafort builc Cuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin a láimhseálann táirgí builc thirim den chuid is mó. Cé go bhfuil an chuideachta calafoirt ar an údarás reachtúil le haghaidh bhainistíocht an chalafoirt, déanann cuideachtaí earnála príobháidí atá lonnaithe go háitiúil na háiseanna príomha láimhseála lasta a shealbhú agus a fheidhmiú.

Mar is amhlaidh le cuideachtaí calafoirt níos lú eile, tháinig meath mór ar leibhéil tráchta ag an gcalafort; mar sin féin, coinníonn sé feidhmeanna tábhachtacha eacnamaíocha réigiúnacha agus áitiúla. Ina leith seo, is í an tsaincheist thábhachtach ná na háiseanna calafoirt a chothú mar shócmhainn don réigiún. I gcás sainiúil Ros Mhic Thriúin, tagann roinnt roghanna i láthair, lena n-áirítear cumasc le cuideachta calafoirt eile, aistriú chuig údarás áitiúil nó díol na sócmhainne le hinfheisteoirí príobháideacha.

Cuirfidh an Roinn tús le plé leis na húdaráis áitiúla, leis an gCuideachta Calafoirt agus le páirtithe leasmhara eile lena mbaineann chun cinneadh a dhéanamh ar an modh aistrithe is oiriúnaí chuig rialú údaráis áitiúil, laistigh den chreat a leagtar amach in alt 2.7.7.

Tábla 2.11: Forbhreathnú ar Chuideachta Chuan na Gaillimhe

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 599 | 671 | 554 |
| Láimhdeachas (€'000) | 1,188 | 3,841 | 3,537 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 146 | 672 | 781 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 128 | 312 | 1,472 |
| Fostaithe | 14 | 16 | 14 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

Tábla 2.12: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Ros Mhic Thriúin

| | 1998* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 1,020 | 444 | 357 |
| Láimhdeachas (€'000) | 1,287 | 911 | 784 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 86 | -22 | -13 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 123 | -45 | -42 |
| Fostaithe | 11 | 5 | 5 |

* *Ba í 1998 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*

## 2.7.5 Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin

Mar is amhlaidh le cuideachtaí calafoirt tráchtála Stáit níos lú, ní láimhseálann Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin ach trácht builc. D'imir meathanna diana in earnáil bhriseadh an bhuilc lena mbaineann go háirithe drochthionchar ar an gcalafort.

Baineann tábhacht áitiúil agus réigiúnach amháin le ról an chalafoirt. I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in alt 2.7, tá sé beartaithe an calafort a aistriú chuig rialú údaráis áitiúil.

Cuirfidh an Roinn tús le plé leis an údarás áitiúil agus leis an gCuideachta Calafoirt chun cinneadh a dhéanamh ar an modh aistrithe is oiriúnaí chuig rialú údaráis áitiúil, laistigh den chreat a leagtar amach in alt 2.7.7.

## 2.7.6 Calafoirt eile a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo

Dá dtagraítear in alt 2.7 agus a mhionsonraítear i dTábla 2.8, déanann roinnt de chalafoirt eile, a fheidhmíonn faoi shamhlacha rialachais éagsúla, lasta tráchtála a láimhseáil. I mBeartas Náisiúnta na gCalafort, aithnítear a dtábhacht leantach mar éascaitheoirí dáileachán lasta réigiúnach agus áitiúil.

Ar na calafoirt níos lú seo tá an t-aon údarás cuain amháin atá ann go fóill a fheidhmíonn de bhun an Achta Cuanta, 1946 – is é sin, Bá Bheanntraí. Ba éard a bhí i mbeartas an Rialtais ón mbliain 1996 ná gur cheart na húdaráis chuain sin a fheidhmíonn faoi fhorálacha as dáta an Achta Cuanta, 1946, a bhogadh chuig struchtúir rialachais atá níos oiriúnaí agus nua-aimseartha.

Éascaítear aistriú na n-údarás cuain sin chuig rialú údaráis áitiúil iomchuí tríd an Acht Cuanta, 1996. Ón mbliain 1999, aistríodh 13 cinn de na 15 údarás cuain chuig rialú údaráis áitiúil, agus ainmníodh cuan amháin, cuan an Daingin, mar ionad cuain iascaigh.

Tá próiseas ar siúl le cinneadh a dhéanamh ar an treo a ghlacfaidh an t-aon údarás cuain amháin atá ann go fóill, Bá Bheanntraí, sa todhchaí.

## 2.7.7 Leasuithe reachtaíochta ag teastáil i leith calafort a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo

Chun aistriú na gcúig chuideachta calafoirt Stáit níos lú chuig rialú údaráis áitiúil a éascú, tabharfaidh an Roinn reachtaíocht chumasúcháin isteach trí na hAchtanna Cuanta 1996-2009 reatha a leasú de réir mar is cuí.

Agus í eolach ar chineál éagsúil na gcalafort sin beartaithe lena n-aistriú, tá an Roinn neamhchlaonta maidir leis na socruithe oibriúcháin amach anseo a bhféadfaí cinneadh a dhéanamh orthu; mar sin féin, tá roinnt samhlacha ann a úsáidtear ar fud na hEorpa a bhféadfadh sé gurbh fhiú iad a bhreithniú i gcomhthéacs Éireannach.

De réir na samplaí seo, curifidh an reachtaíocht nua san áireamh:

- aonáin dlí ar leith nach bhfuil aon scairchaipiteal acu agus atá faoi rialú rialtais áitiúil a chruthú
- leanúint d'aonáin dlí ar leith (i gcomhthéacs Éireannach) ar le rialtas áitiúil in ionad rialtas láir a scairchaipiteal
- calafort a fheidhmiú mar aonad riaracháin de rialtas áitiúil
- an cumas le haghaidh infheistíocht phríobháideach

Tábla 2.13: Forbhreathnú ar Chuideachta Chalafort Chill Mhantáin

| | 2003* | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Tonnáiste ('000) | 212 | 89 | 99 |
| Láimhdeachas (€'000) | 362 | 217 | 222 |
| Brabús Oibriúcháin (€'000) | 107 | -296 | -50 |
| Brabús tar éis Úis agus Cánach (€'000) | 96 | -266 | -26 |
| Fostaithe | 3 | 3 | 3 |

* *Ba í 2003 an chéad bhliain airgeadais iomlán mar chuideachta calafoirt tráchtála*




**Creid íomhá:** Cuideachta Chalafort Dhroichead Átha

ALT 3

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH



**Creid íomhá:** Cuideachta Chalafort Chill Mhantáin

# 3. RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## 3.1 Intreoir

Is sócmhainní luachmhara iad na cuideachtaí calafoirt faoi úinéireacht an Stáit agus tá feidhmeanna tábhachtacha geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil acu. Ní mór dóibh siúd a gcuirtear cúram orthu na sócmhainní seo a bhainistiú a chinntiú go gcomhlíonfaidh na calafoirt ionchais an scairshealbhóra, leas an phobail agus an gheilleagair i gcoitinne.

Príomhspreagthach taobh thiar den athstruchtúrú eagrúcháin beartaithe is ea gur gá líonra calafort tráchtála den chéad scoth freastal ar Éirinn. Ós rud é gurb iadsan ár dtairseacha príomha trádála idirnáisiúnta, tá sé ríthábhachtach go soláthraíonn ár gCalafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1 agus Sraith 2) seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais dár ngeilleagar.

Rinneadh tagairt i gcáipéis chomhairliúcháin an athbhreithnithe ar bheartas na gcalafort don fhéidearthacht a bhaineann le córas tomhais rialta um fheidhmíocht. Ón mbliain 2006, chuir Cumann Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO) ar fáil don Roinn anailís chomparáide ar chuntais airgeadais na gcuideachtaí calafoirt ónar díorthaíodh roinnt de chóimheasa éifeachtúlachta chun eolas a thabhairt do bhreithniú na Roinne ar fheidhmíocht.

Ag leibhéal oibriúcháin, agus faoi mar atá sonraithe sa cháipéis chomhairliúcháin, níor cheart an fhorbairt ar chóras tomhais um fheidhmíocht tarlú ina haonar. Ina ionad sin, ní mór breathnú uirthi laistigh den chomhthéacs níos leithne den fhorbairt ar tháscairí feidhmíochta calafort ag leibhéal Eorpach. Táthar ag leanúint leis an obair seo ag leibhéal Eorpach; oibreoidh an Roinn le páirtithe leasmhara náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun forbairt a dhéanamh ar an obair seo, tríd an obair a rinne IMDO cheana féin a ionchorprú, agus chun córas náisiúnta tomhais um fheidhmíocht calafort a thabhairt isteach d'fhonn cabhrú le meastóireacht an Rialtais ar a scairsheilbh sna cuideachtaí calafoirt Stáit. Tabharfar an córas seo isteach faoin mbliain 2016.

Is éard atá sa *Phlean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí* de chuid an Rialtais a foilsíodh i mí na Samhna 2011 ná roinnt tiomantas maidir le feidhmíocht na gcomhlachtaí Stáit a fheabhsú. Áirítear leis seo tograí le haghaidh Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre idir máthair-Ranna agus comhlachtaí Stáit a dhíreoidh ar aschuir, ar chuntasacht agus ar éifeachtúlachtaí.

Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a rún in iúl socruithe nua a chur i bhfeidhm le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht comhlachtaí stáit trí úsáid níos mó a bhaint as comhaontuithe creata nuair is iomchuí agus trí dhíriú ar aschuir agus ar thorthaí. Bíonn ábharthacht chothrom de ghnáth ag an bhfócas athnuaite seo ar shaincheisteanna ar nós aschur, cuntasachta agus éifeachtúlachtaí laistigh d'earnáil na gcalafort tráchtála Stáit agus ba cheart an fócas seo a bheith lárnach sa chaidreamh scairshealbhóirí idir an Roinn agus boird chuideachtaí.

Tá an Roinn tiomanta do bheith ag cinntiú go dtarlóidh cruinnithe rialta ag an leibhéal Aire agus feidhmeannach araon le boird agus feidhmeannais na gcuideachtaí calafoirt chun a chinntiú go mbeidh ionchais an Stáit mar scairshealbhóir leabaithe laistigh de gach leibhéal d'fhorbairt chorparáideach agus tráchtála.

## 3.2 An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Ní mór do gach comhlacht Stáit, na cuideachtaí calafoirt san áireamh, cloí le riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Féachann an cód le creat a chur ar fáil le haghaidh dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rialachas corparáideach ar fud na hearnála Stáit. Tá coinne ag an Rialtas go soláthróidh comhlachtaí Stáit ceannasaíocht trí na caighdeáin is airde a chomhlíonadh ina ndéileálacha tráchtála agus neamhthráchtála go léir.

Mar sin féin, admhaíonn an cód go bhféadfadh roinnt de na riachtanais a bheith róthrom do chomhlachtaí Stáit níos lú. Sna cásanna sin, agus faoi mar atá leagtha amach in alt 1.1 den chód, féadfaidh na comhlachtaí sin dul i dteagmháil lena máthair-Roinn chun cur chuige níos comhréirí maidir leis an gcur i bhfeidhm forálacha áirithe a iarraidh.

Mar chuid den chreat níos leithne le haghaidh atheagraithe dá dtagraítear san alt faoi 'Struchtúr Eagrúcháin agus Úinéireachta', tabharfaidh athailíniú beartaithe na gcalafort níos lú sin a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo isteach i struchtúir níos oiriúnaí rialachais an deis dóibh úsáid a bhaint as acmhainní comhroinnte i réimse na seirbhísí corparáideacha. Tá sé seo i gcomhréir leis na moltaí atá sa *Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*, agus, anuas air sin, maolóidh sé buarthaí faoin nádúr trom a bhaineann le comhlíonadh riachtanais rialachais chorparáidigh a chinntiú i measc roinnt de na cuideachtaí tráchtála Stáit is lú atá ann.

Tá coinne ag an Rialtas go soláthróidh comhlachtaí Stáit ceannasaíocht trí na caighdeáin is airde a chomhlíonadh ina ndéileálacha tráchtála agus neamhthráchtála go léir

## 3.3 Boird na gcuideachtaí calafoirt

Sa *Ráiteas maidir le Beartas na gCalafort*, 2005, moladh laghdú ar líon iomlán na stiúrthóirí chun a chinntiú go mbeadh na boird *"níos spriocdhírithe agus ailínithe níos soiléire, ar bhonn ball aonair, ar bhaint amach na gcuspóirí tráchtála agus leas na cuideachta calafoirt amháin"*. D'éascaigh leasuithe atá san Acht Cuanta (Leasú), 2009), laghdú de réir a chéile ar líon na stiúrthóirí i mboird ó 12 stiúrthóir go hochtar stiúrthóirí, agus beidh ochtar stiúrthóirí ar a mhéad i ngach bord cuideachta calafoirt faoi dheireadh na bliana 2012.

Le go mbainfidh gach cuideachta a lánacmhainneacht amach, tá sé riachtanach go bhfuil a bord gníomhach agus go bhfuil an chothromaíocht iomchuí scileanna ann. Ba cheart a bheith i ngach bord baill a bhfuil oiliúint nó taithí iomchuí cuntasaíochta, dlí, tráchtála agus mhuirí/lóistíochta acu.

Sonraítear sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* gur cheart do bhoird athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a n-oibriúchán agus féachaint le dóigheanna le feabhas a chur ar éifeachtúlacht a shainaithint. Moltar sa chód gur cheart sainaithint na mbearnaí in inniúlachtaí ag leibhéal an bhoird a chur san áireamh san athbhreithniú seo; sonraítear ann gur cheart do chathaoirligh, i gcás ina sainaithnítear na bearnaí sin, comhairle a chur ar an Aire in am trátha sula dtagann aon fholúntais aníos. Bhain roinnt de chathaoirligh leas as an deis seo. Spreagann an Rialtas an cleachtas seo i measc na gcalafort tráchtála Stáit.

I gcomhréir le tiomantas an Rialtais tuilleadh follasachta a chinntiú i bpróiseas ceapacháin bhoird an Stáit, d'fhógair an Roinn léirithe spéise go poiblí ó bhaill den phobal a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha acu chun fónamh ar bhoird na gcomhlachtaí faoi chúram na Roinne, lena n-áirítear na cuideachtaí calafoirt. Tharraing an próiseas seo raon níos leithne agus níos éagsúla iarrthóirí le haghaidh post ar bhoird chalafoirt ná an próiseas comhairliúcháin reachtúil atá ann cheana, arb é atá i gceist ann ná comhairliúchán foirmiúil le heagraíochtaí páirtithe leasmhara. Moltar, dá bhrí sin, an próiseas níos leithne léirithe spéise a chur in ionad an chomhairliúcháin reachtúil. Leanfar leis an gcleachtas, áfach, ar bhonn neamhreachtúil, dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara atá ann cheana ar bhonn bliantúil maidir le folúntais bhoird le teacht.

Tá sé tábhachtach go bhfuil gach ball de bhoird eolach gur ceapacháin Aire iad nach mór dóibh, de bhreis ar a gcuid freagrachtaí dlí agus muiníne, a chinntiú go dtabharfar aird mar is cuí ar bheartas an Rialtais maidir le cinnteoireacht. Níl baill de bhoird ceaptha chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna

áitiúla ná earnálacha, agus níor cheart dóibh féachaint lena déanamh. Chun a chinntiú nach dtiocfaidh coinbhleachtaí leasa aníos, cuireann an tAcht Cuanta (Leasú), 2009, cosc ar cheapadh na n-úsáideoirí calafort ar bhoird chuideachtaí calafoirt. Ina theannta sin, cuireadh deireadh leis an gcleachtas roimhe sin inar ceapadh baill d'údaráis áitiúla go díreach ó cheart ar bhord na gcuideachtaí calafoirt.

Faoi alt 177 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá oibleagáid ar bhaill d'údaráis áitiúla tarraingt siar as breithniúcháin a bhféadfadh sé go mbeadh aon leas acu iontu, gan leas mar ionadaí pobail a áireamh. Mar shampla, i mí na Samhna 2008, cuireadh iallach ar an triúr comhairleoirí de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath a shuigh ar bhord Chuideachta Chalafort Bhaile Átha Cliath tarraingt siar as plé comhairle maidir le hiarratas pleanála na cuideachta 21 heicteár d'imeall trá a mhíntíriú agus a fhorbairt. Mar thoradh ar choinbhleacht leasa den chineál sin a d'fhéadfadh a bheith ann, moltar baill den údarás áitiúil a cheapadh ar bhord na gcuideachtaí calafoirt tráchtála in imthosca eisceachtúla amháin.

Chun an caidreamh idir an scairshealbhóir agus na baill de bhoird na gcuideachtaí calafoirt a neartú, forbróidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt nósanna imeachta chun a chinntiú go mbeidh stiúrthóirí aonair cuideachta eolach ar bheartas an Rialtais agus ar aon athruithe air le linn a dtéarma mar bhaill de bhoird. Foilseofar na nósanna imeachta seo faoin dara ráithe sa bhliain 2013. Ina theannta sin, gheobhaidh gach ball de bhoird litir údaráis ón Aire ar a gceapachán, litir ina leagfar amach saincheisteanna de bhreis ar a ndualgais mhuiníne ar cheart dóibh aird a thabhairt orthu le linn a dtéarma.

Maidir le cathaoirligh, éileofar ar gach cathaoirleach nua agus athcheaptha teacht os comhair Chomhchoiste an Oireachtais lena mbaineann sula mbeidh a gceapachán i bhfeidhm. Is éard a bheidh san aon eisceacht amháin ina leith seo ná athcheapacháin shealadacha ghairide. Leanfaidh le forbairtí ag leibhéal an Rialtais eolas a thabhairt do chóras na gceapachán boird agus d'fhéadfaí an córas reatha a fheabhsú tuilleadh sa todhchaí.

Mar chríoch, leagtar béim láidir i mBeartas Náisiúnta na gCalafort ar choinneáil na cuimhne corparáidí ar bhoird na gcuideachtaí calafoirt tráchtála. Níor cheart dó bac a chur ar athrú rialta ball boird, áfach. Dá bhrí sin, b'fhearr gur cheart ceapacháin bhoird a bheith céimnithe agus nach dtiocfadh níos mó ná trí fholúntas ar aon bhord aníos laistigh de bhliain féilire.

## 3.4 Polasaí Díbhinní

De réir *Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit*, bhí torthaí airgeadais i leith díbhinní airgid ó na comhlachtaí tráchtála Stáit i gcoitinne *"low and reliability is patchy"* (An Grúpa Athbhreithnithe, 2011). Luadh sa tuarascáil freisin gurbh údar díomá í feidhmíocht ghinearálta na gcalafort ó rinneadh corparáidiú orthu, go háirithe maidir leis an toradh airgeadais don Stát.

Mar a thaispeántar sa tuarascáil sin, tá earnáil na gcalafort tráchtála an-éagsúil, agus tá cumas agus feidhmíocht airgeadais gach cuideachta éagsúil le chéile. Ba cheart a aithint freisin go dtugann na calafoirt díbhinn neamhairgeadais ar ais don Stát i bhfoirm na dtairbhí socheacnamaíocha níos leithne a chuireann siad ar fáil trí éascú trádála, trí luach taitneamhachta poiblí, etc.

Is é beartas an Rialtais gur cheart do na cuideachtaí tráchtála brabúsacha Stáit díbhinn airgeadais a íoc leis an Stát. Is é an treoirfhigiúr ná 30% de bhrabúis tar éis cánach. Chloígh Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath leis an mbeartas seo ó 2007 agus d'íoc sí níos mó ná 30% i mblianta áirithe. I 2011, d'fhógair Cuideachta Chalafort Chorcaigh an chéad díbhinn riamh a d'íocfadh sí leis an scairshealbhóir, agus, i 2012, d'fhógair Cuideachta Chuan na Gaillimhe go n-íocfadh sí díbhinn leis an Stát den chéad uair riamh freisin.

Tá an Rialtas ag súil go bhfuil polasaí díbhinní atá luaite go soiléir ag na cuideachtaí calafoirt uile. Ag brath ar chúinsí airgeadais gach cuideachta, d'fhéadfadh an figiúr a nglacann an chuideachta sin leis a bheith níos mó nó níos lú ná an treoirfhigiúr de 30%. Ba cheart saincheisteanna amhail brabúsacht reatha agus réamh-mheasta, pleananna infheistíochta caipitil agus maoiniú pinsin a bheith san áireamh i bpolasaí díbhinní. Ba cheart do gach cuideachta calafoirt a polasaí díbhinní a chur faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi Ráithe 2 de 2013.

Soláthraítear meicníocht le hAlt 41(4)(b) den Acht Cuanta 1996 trína bhféadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, cuideachtaí calafoirt ar leith a ordú chun díbhinn a íoc. Sa chás nach bhfuil an tAire sásta leis an bpolasaí díbhinní ar ghlac an chuideachta calafoirt leis, déanfar breithniú ar an meicníocht sin a thionscnamh.

## 3.5 Maoiniú amach anseo

Déanfar an beartas a leagadh amach sa *Ráiteas maidir le Beartas na gCalafort 2005*, is é sin, nár cheart d'earnáil na gcalafort tuilleadh maoiniú a fháil ón Státchiste le haghaidh forbairt bonneagair nó rud ar bith eile a choimeád ar bun.

Tá an Rialtas den tuairim gur tairiscintí tarraingteacha d'infheisteoirí agus d'iasachtóirí na hearnála príobháidí sa mheántéarma go dtí an fadtéarma iad na tionscadail bhonneagair chalafoirt sin ar féidir leo sreafaí airgid atá cobhsaí agus láidir a thaispeáint.

Cuireann an Rialtas fáilte roimh roinnt meicníochtaí éagsúla le haghaidh infheistíochta ón earnáil phríobháideach in earnáil na gcalafort. Tá meicníochtaí ann cheana féin le haghaidh an chineáil sin infheistíochta i bhfoirm samhla calafoirt de shaghas tiarna talún, agus déanfar breithniú ar bhonn cás ar chás ar infheistíocht i leathnú calafort amach anseo trí dhíolachán féideartha bunanna cothromais, trí shocruithe de shaghas comhpháirtíochta poiblí príobháidí, socruithe chun 'tógáil-oibriú-aistriú', nó moltaí eile den chineál céanna.

D'fhéadfadh deiseanna breise maoinithe eascairt tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta, tríd an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, trí NewERA, nó trí fhoinsí eile Stáit nó Eorpacha. Mar sin féin, ní dhéanfar infheistíocht den sórt sin ach amháin ar bhonn tráchtála a bhfuil toradh tráchtála ag gabháil leis.

Tá an fhéidearthacht freisin, ag eascairt ón gclár athbhreithnithe LTE-I, go mbeidh deiseanna tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa do na calafoirt ainmnithe LTE-I chun leas a bhaint as na saoráidí maoinithe sin.

## 3.6 Pinsin na gcuideachtaí calafoirt

Bhí dúshláin shuntasacha os comhair scéimeanna pinsean in Éirinn agus tháinig athrú mór orthu le blianta beaga anuas, go háirithe i gcás scéimeanna sochair shainithe. Tharla an rud céanna in earnáil na gcalafort tráchtála Stáit.

Bhí tionchar suntasach ag an gcor chun donais sna margaí airgeadais i 2008 ar staid mhaoinithe na scéimeanna pinsean. Luadh i dTuarascáil Bhliantúil na mBord Pinsean 2011 nach raibh a dhóthain sócmhainní ag thart ar 70% de na scéimeanna pinsean sochair shainithe chun an caighdeán maoinithe atá ann faoi láthair a chomhlíonadh. Gné eile de nádúr athraitheach an tsoláthair phinsean is ea an laghdú ginearálta ar líon na scéimeanna pinsean sochair shainithe, ó bheagán níos mó ná 2,500 scéim den sórt sin i 1991 go dtí beagán faoi 1,000 scéim i 2011.

Aithníodh sa Chreat Náisiúnta Pinsean, a foilsíodh i 2010, go bhfuil *"fadhbanna suntasacha a bhaineann leis an ngnáthdhearadh atá ann faoi láthair do scéimeanna pinsean sochair atá maoinithe"*, ach luadh ann ag an am céanna go bhfuil aon athruithe ar scéimeanna fós mar *"ábhar idirbheartaíochta ag leibhéal scéime idir fostaithe, ceardchumainn, iontaobhaithe agus fostóirí"*.

Cuireadh roinnt bearta riaracháin agus reachtaíochta araon i bhfeidhm ó shin i leith chun cabhrú le hiontaobhaithe na scéimeanna pinsean freagairt don dúshlán maoinithe.

Tar éis próiseas comhairliúcháin a cuireadh i gcrích i 2011, leasaíodh Acht na bPinsean i 2012 chun foráil a dhéanamh do leasuithe ar shamhail na sochar sainithe. Ba é an príomhathrú air ná gur tugadh isteach ceanglas ar scéimeanna sochair shainithe chun cúlchiste rioscaí a choimeád ar bun. Soláthróidh an ceanglas chun cúlchiste rioscaí a bheith ann 'maolán' a chabhróidh le scéimeanna suaití airgeadais a iompar sa todhchaí agus, i dtaca leis sin, cuirfidh sé feabhas ar na teidlíochtaí cosanta atá ag baill den scéim. Ceanglaítear ar scéimeanna sochair shainithe an ceanglas seo a chomhlíonadh faoi 2023.

Mar is coitianta san earnáil tráchtála Stáit níos leithne, thairg na cuideachtaí calafoirt ballraíocht de scéimeanna pinsean sochair shainithe d'fhostaithe mar sheanghnás. Tá deacrachtaí maoinithe ag cuid mhór de na scéimeanna seo anois. Rinne na cuideachtaí calafoirt roinnt beart chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Tá calafoirt a bhfuil a gcuid scéimeanna sochair shainithe tearcmhaoinithe faoi láthair i dteagmháil ghníomhach, ar ndóigh, leis an mBord Pinsean d'fhonn dul i ngleic lena gcuid deacrachtaí maoinithe, faoi mar a fhoráiltear sa reachtaíocht.


Dhruid cuid mhór cuideachtaí calafoirt a scéimeanna sochair shainithe do bhaill nua agus chuir siad scéimeanna ranníocaíochta sainithe ar bun do gach fostaí nua. I gcás na gcuideachtaí calafoirt sin nach ndearna an beart seo go fóill, ba cheart go ndéanfaidís a leithéid chomh luath agus ab fhéidir agus go gcinnteoidís go dtairgfear ballraíocht de scéim ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe amach anseo.

Tá cead ón Aire, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil ó scéimeanna pinsean nua agus, go deimhin, ó roinnt scéimeanna pinsean atá ann cheana féin de chuid cuideachtaí calafoirt. Oibreoidh an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun a chinntiú go gcuirfear an próiseas toilithe Aire is gá i gcrích ar bhealach chomh tráthúil agus is féidir.

ALT 4

# BEARTAS CALAFORT AGUS AN CÓRAS PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Creid íomhá: Oifig Forbartha Muirí na hÉireann




## MEÁNTONNÁISTE COMHLÁN

# MÉADÚ 69%

1,095
2000

1,855
2011

# 4. BEARTAS CALAFORT AGUS AN CÓRAS PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

## 4.1 Intreoir


Braitheann forbairt inbhuanaithe earnáil na gcalafort go mór ar an gcaidreamh agus ar an idirghníomhú idir an earnáil agus an córas pleanála. Gníomhaíonn calafoirt mar thairseacha idirnáisiúnta, gineann siad méideanna móra tráchta, agus is lárionaid thábhachtacha ghníomhaíochta eacnamaíche iad. Tá siad suite ag comhéadan uathúil idir an talamh agus an mhuir, agus, i mórán cásanna, tá siad suite i gcomhcathracha móra nó in aice leo.

Níl Beartas Náisiúnta na gCalafort saintreorach maidir le suíomh ar leith acmhainn calafoirt amach anseo. Cuirtear tásca suímh maidir le suíomh ar leith forbairtí acmhainne calafoirt amach anseo san áireamh sa ghrádlathas pleanála agus forbartha atá ann cheana féin. Is é ról Bheartas Náisiúnta na gCalafort creat ina leagtar amach na riachtanais ar dóigh dóibh a bheith ann sa todhchaí a leagan síos, aird a tharraingt ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le soláthar a dhéanamh d'fhorbairt leanúnach an líonra calafort tráchtála, agus na comhlachtaí a bheidh freagrach as forbairt na hacmhainne breise sin a leagan amach.

## 4.2 Riachtanais acmhainne amach anseo

Tá sé mar chuspóir straitéiseach ríthábhachtach ag an Rialtas acmhainn leordhóthanach agus éifeachtúil a sholáthar sa todhchaí. I gcáipéis comhairliúcháin an athbhreithnithe ar bheartas na gcalafort, liostaíodh roinnt treochtaí atá ag teacht chun cinn in iompar muirí domhanda, rudaí a bhfuil ina dtásca tábhachtacha maidir leis an méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun *"acmhainn leordhóthanach agus éifeachtúil"* (An Roinn Iompair, 2010) a chinntiú ag calafoirt na hÉireann sa todhchaí.

Fíor 4.1: Meántonnáiste comhlán na soithí a bhí ag stopadh ag calafoirt na hÉireann



Is é an chéad cheann de na treochtaí sin ná an t-aistriú atá déanta ag línte loingseoireachta domhanda i dtreo soithí níos mó a éilíonn rochtain ar uisce níos doimhne, rud a fhágann go mbíonn líon níos lú de shoithí ag baint úsáide as calafoirt níos lú. Tá an treocht seo an-choitianta le deich mbliana anuas. I 2000, b'ionann meántonnáiste comhlán na soithí tráchtála a bhí ag dul isteach i gcalafoirt an Stáit agus 1,095 tonna; i 2011, mhéadaigh an figiúr sin faoi 69% go dtí 1,855 tonna (féach Fíor 4.1).

Tá an treocht seo á tiomáint ag barainneachtaí scála agus tá sé ar cheann de na freagraí de chuid thionscal na loingseoireachta ar rialacháin chomhshaoil.

Mar atá le feiceáil i dTábla 4.1, rinne an Roinn coimisiúnú ar roinnt tuarascálacha ar an éileamh atá ar acmhainn anois agus ar an éileamh a bheidh ar acmhainn sa todhchaí.

Ba í an tuarascáil is déanaí ná *Dublin Port National Development Plan Study*, a rinneadh i 2009. Rinneadh tagairt inti don ghá atá le hacmhainn shuntasach bhreise calafoirt chomhcheangailte laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ag teacht chun cinn sa tréimhse 2020-2030. Cuireadh é sin san áireamh sna Treoirlínte is déanaí um Pleanáil Réigiúnach don cheantar.

Ó fhoilsiú na tuarascála sin, bhí feidhmíochtaí luaineacha agus éagsúla le feiceáil sna hearnálacha margaidh comhcheangailte; tháinig laghdú 8% ar thrácht lóló sa Stát sa tréimhse 2009-2011, cé gur tháinig méadú 8% ar thrácht róró sa tréimhse chéanna. Mar sin féin, léiríodh in anailísí a rinne Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath agus Cuideachta Chalafort Chorcaí le déanaí go bhfuil na conclúidí atá in *Dublin Port National Development Plan Study* a bheag nó a mhór bailí go fóill agus go mbeidh acmhainn shuntasach bhreise chomhcheangailte ag teastáil ón Stát don tréimhse tar éis 2030.

Éilíonn pleanáil, maoiniú agus forbairt na dtionscadal bonneagair ar scála mór, amhail tograí acmhainne le haghaidh calafoirt mhóra, acmhainní suntasacha eagraíochtúla, oibríochtúla agus airgeadais. In earnáil na gcalafort tráchtála Stáit, tá sé tábhachtach go bhfuil na hacmhainní is gá ag comhlachtaí atá ag tarraingt forbairtí suntasacha acmhainne calafoirt anuas chun a chinntiú go ndéanfar leas an Stáit agus an phobail a chosaint agus a fheabhsú.

Dá bhrí sin, tá an Rialtas ag súil go stiúrfaidh na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1) freagairt earnáil na gcalafort tráchtála Stáit do riachtanais acmhainne calafoirt náisiúnta amach anseo. I dtaca leis sin, tá ról ag na Calafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2) maidir le hacmhainn bhreise a fhorbairt d'fhonn cabhrú le tosca iomaíochta, go háirithe laistigh de na hearnálacha comhcheangailte.

Is é seasamh an Rialtais nach mór do na calafoirt sin a meastar tábhacht náisiúnta a bheith ag baint leo a bheith in ann an cineál acmhainne calafoirt atá ag teastáil a chur ar fáil chun rochtain leanúnach a chinntiú ar mhargaí réigiúnacha agus ar mhargaí domhanda dár ngeilleagar trádála.

Ní bhreithneofar tacaíocht scairshealbhóirí d'fhorbairtí móra acmhainne calafoirt atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais acmhainne náisiúnta ach amháin laistigh den chreat atá bunaithe thuas.

I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le pleanáil a dhéanamh d'acmhainn amach anseo, tá sé beartaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cur chuige níos foirmiúla a thionscnamh i dtreo réamhaisnéis acmhainne trí anailísí neamhspleácha a choimisiúnú ag eatraimh rialta ó 2018 ar aghaidh.

Mar chuid d'obair níos leithne na Roinne maidir le beartas lasta, bunóidh an Roinn formáid le haghaidh suirbhéanna rialta agus leanúnacha ar bhunáit agus ar cheann scríbe sreafaí lasta d'fhonn sreafaí lasta chuig na calafoirt agus uathu a fháil amach go neamhspleách. Rinne Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO) taighde ar an ábhar seo agus táthar ag súil go dtabharfaidh sí tuairisc don Roinn roimh i bhfad.

Tábla 4.1: Tuarascálacha maidir le hacmhainn

| Bliain | Tuarascáil |
|---|---|
| 1998 | Assessment of Irish Commercial Seaport Capacity |
| 2000 | Assessment of Irish Commercial Seaport Capacity (Nuashonrú) |
| 2004 | Assessment of Irish Commercial Seaport Capacity (Nuashonrú) |
| 2006 | Evaluation of port capacity proposals |
| 2009 | Dublin Port NDP Study |

Chomh maith leis an méid thuas, tá riachtanais agus deiseanna acmhainne eile ag teacht chun cinn i réimsí eile, lena n-áirítear turasóireacht chúrsála agus an margadh fuinnimh ón talamh.

Sa mhargadh turasóireachta cúrsála, tá roinnt tionscnamh faoi lán seoil nó á mbreithniú ag calafoirt éagsúla. Aithnítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort an deis atá á tabhairt ag an margadh éiritheach seo agus tugtar spreagadh ann do na calafoirt sin leanúint de bheith ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha cuí chun a chinntiú go mbainfidh na calafoirt aonair agus an geilleagar níos leithne tairbhe as an bhfás ionchasach amach anseo san earnáil seo.

I gcás earnáil éiritheach an fhuinnimh aigéin, thángthas ar an tuairim i dtuarascáil an IMDO a foilsíodh le déanaí, *Report on Irish Ports' Offshore Renewable Energy Services*, go raibh an cumas is mó ag na trí Chalafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1) maidir le freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus ar an éileamh a bheidh ann amach anseo in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite ón talamh. Ina theannta sin, aithníodh sa tuarascáil go bhfuil cumas tábhachtach ag an dá Chalafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 2), agus ag Cuideachta Chalafort na Gaillimhe agus ag Ionad Cuain Iascaigh na gCealla Beaga, maidir le freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo san earnáil seo. Aontaítear i mBeartas Náisiúnta na gCalafort leis na cinntí seo.

## 4.3 Máistirphleanáil na gcalafort

Tá máistirphleanáil na gcalafort ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i gcoitinne agus tá sí ag teacht le beartas chun feabhas a chur ar phleanáil chomhtháite do gach modh iompair. Tugtar aitheantas láidir i mBeartas Náisiúnta na gCalafort ar inmhianaitheacht an phróisis seo maidir le pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh ar gach Calafort a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1 agus Sraith 2). Tá máistirphleananna curtha i gcrích nó á gcur i gcrích faoi láthair ag Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath, ag Cuideachta Chalafort na Sionainne agus Fhainge agus ag Cuideachta Chalafort Ros Láir.

Ba cheart do chuideachtaí dul i dteagmháil leis na húdaráis phleanála chuí chun a chinntiú go mbeidh máistirphleananna calafoirt agus straitéisí pleanála agus forbartha cuí comhlántach agus comhsheasmhach le chéile. Tá deis chun máistirphleananna a chomhtháthú laistigh den ghrádlathas pleanála atá ann cheana féin; ba cheart do na cuideachtaí calafoirt aonair agus do na húdaráis phleanála é seo a imscrúdú go hiomlán chun a chinntiú go mbeidh an próiseas leabaithe i straitéisí pleanála agus forbartha agus go dtabharfaidh an próiseas soiléireacht do gach páirtí leasmhar maidir le pleananna forbartha amach anseo gach calafoirt.

Ba cheart aitheantas a thabhairt i dTreoirlínte um Pleanáil Náisiúnta agus Réigiúnach don tábhacht a bhaineann leis na trí chatagóir calafoirt agus ba cheart a bhforbairt leanúnach a cheadú iontu. Chun na críche sin, cuireann an Roinn le forbairt Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach de réir mar is gá chun a chinntiú go dtabharfar aitheantas do spriocanna Bheartas Náisiúnta na gCalafort sa ghrádlathas pleanála.

## 4.4 Naisc chúlchríche

Tá naisc chúlchríche éifeachtacha ríthábhachtach don chumas atá ag calafort ar bith méideanna móra tráchta a éascú. Leagtar béim in *Communication on a European ports policy* ón gCoimisiún Eorpach, a foilsíodh i 2007, ar an tábhacht a bhaineann le naisc chúlchríche iontaofa agus inbhuanaithe a bheith mar chuid de shlabhra iompair chomhtháite.

Beidh naisc den sórt sin mar ghné thábhachtach de na tograí athbhreithnithe LTE-I. Ní foláir gach uile calafoirt LTE-I a bheith ceangailte leis an dá croí-líonra bóithre agus an croí-líonra iarnróid.

Is tríd an líonra bóithre a dhéantar formhór ghluaiseachtaí lasta na hÉireann chuig calafoirt agus uathu. Mar a aithníodh sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún Eorpach, *Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dTreo Córas Iompair atá Iomaíoch agus Tíosach ar Acmhainní, is dócha go "leanfar le gluaiseachtaí lasta thar achair ghearra agus mheánacha (faoi bhun thart ar 300km) a dhéanamh a bheag nó a mhór ar leoraithe"* (Coimisiún na gComhphobal Eorpach, 2011c).

Beidh príomhthábhacht go fóill ag baint le hidirnaisc idir an líonra príomhbhóithre náisiúnta agus an líonra calafort náisiúnta. Aithnítear é seo in *Spatial Planning and National Roads – Guidelines for Planning Authorities*, rud ar glacadh leis le déanaí. Luaitear ann: *"the primary purpose of the national road network is to provide strategic transport links between the main centres of population and employment, including key international gateways such as the main ports and airports"* (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012).

Cé go mbaineann tairbhí díreacha agus indíreacha do gach calafort le críochnú na bPríomhbhealaí Idir-Uirbeacha, ní mór aird a thabhairt ar roinnt naisc chúlchríche calafoirt go fóill.

Thug an Roinn faoi roinnt suirbhéanna ar thosaíochtaí rochtana cúlchríche. D'fhonn eolas a thabhairt d'fhorbairt an líonra príomhbhóithre náisiúnta amach anseo, rachaidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta i dteagmháil go rialta le Rannóg Iompair Mhuirí na Roinne, agus leis na Calafoirt aonair a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1 agus Sraith 2) maidir le forbairtí líonra amach anseo.

Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil cumas ag an líonra calafort líonraí dáilte ilmhódaigh a chur ar fáil mar chuid dá fhreagairt d'athruithe amach anseo i ndáileadh lasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar athstruchtúrú i rialacháin mhuirir agus mar gheall ar ár n-oibleagáidí comhshaoil chun astuithe a laghdú etc. Bhí formhór na gcalafort Stáit suite ag cinn iarnróid ar dtús. Tá an chuid is mó díobh fós suite go gar do línte iarnróid, cé nach bhfaigheann ach calafort Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge lasta iarnróid faoi láthair. Mar a luadh ní ba luaithe, ainmníodh an nasc-iarnróid as úsáid chuig calafort Fhainge mar chroí-líonra lasta iarnróid mar chuid den athbhreithniú ar an gclár Eorpach LTE-I.

Mar thoradh ar na forbairtí seo agus ar aon ghníomhartha tacaíochta eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbeadh ról méadaithe ag lasta iarnród-bhunaithe chuig na calafoirt agus uathu. Mar sin féin, ní mór a aithint freisin, fiú amháin má thagann méadú suntasach ar lasta iarnróid chuig na calafoirt agus uathu, go leanfar leis an gcuid is mó den lasta a iompar tríd an líonra bóithre.

> I mBeartas Náisiúnta na gCalafort, spreagtar calafoirt agus údaráis áitiúla chun comhoibriú le chéile ar shaincheisteanna comhleasa agus chun a bheith ag obair le chéile d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an deis a thugann a dtimpeallacht nádúrtha agus shaorga

## 4.5 Calafoirt agus an timpeallacht uirbeach

Tá an caidreamh idir calafort agus a chathair ag athrú de shíor. D'aistrigh suíomh fhormhór na mór-áiseanna calafoirt le sruth le himeacht ama, rud a cheadaigh athfhorbairt tailte a bhaineann le calafoirt ar mhaithe le húsáidí eile tráchtála, cónaithe nó áineasa.

Mar sin féin, ní mór an gá atá le hacmhainn calafoirt athsholáthair atá leordhóthanach laistigh den réigiún a chur san áireamh i dtograí athfhorbartha. Ní mór do na páirtithe leasmhara uile, go háirithe na húdaráis phleanála, pobail áitiúla, údaráis chalafoirt agus úsáideoirí calafoirt, breithniú cúramach a dhéanamh ar aon togra forbartha.

Ar fud an Aontais Eorpaigh, tugtar aitheantas forleathan ar na tairbhí atá le baint as ath-chomhtháthú chaidreamh an chalafoirt lena chathair agus lena phobal. I mórán cathracha calafoirt, tá scaradh spáis atá ag fás idir calafoirt agus a bpobail tagtha chun cinn le blianta beaga anuas mar gheall ar iliomad tosca, lena n-áirítear an gá atá le slándáil mhéadaithe calafoirt agus le hathlonnú na n-áiseanna calafoirt ar shiúl ó lárionaid chathracha.

Cé go ligtear an ról tábhachtach atá ag calafoirt maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch a éascú thart go minic, is minic a sháraíonn na héilimh chontrártha a bhaineann le forbairt an chalafoirt agus le forbairt na cathrach an ról sóisialta atá ag na calafoirt maidir le forbairt na cathrach a mhúnlú agus, go deimhin, maidir le stair na cathrach a mhúnlú.

In Éirinn, tá na tairbhí atá le baint amach as ath-chomhtháthú agus as athbheochan an chaidrimh idir calafort agus cathair an-soiléir mar gheall ar an rath a bhí ar imeachtaí amhail Rás Aigéin Volvo i nGaillimh, imeachtaí na Long Ard a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge araon, agus an líon méadaitheach de chuairteanna soithí cúrsála, mar aon leis na torthaí eacnamaíocha tairbheacha iarmhartacha i gceantair áitiúla.

I mBeartas Náisiúnta na gCalafort, spreagtar calafoirt agus údaráis áitiúla chun comhoibriú le chéile ar shaincheisteanna comhleasa agus chun a bheith ag obair le chéile d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as an deis a thugann a dtimpeallacht nádúrtha agus shaorga.

ALT 5

# SAINCHEISTEANNA COMHSHAOIL AGUS IMEALL TRÁ



**Creid íomhá:** Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

# 5. SAINCHEISTEANNA COMHSHAOIL AGUS IMEALL TRÁ

## 5.1 Intreoir

Oibríonn calafoirt i dtimpeallacht ar leith, atá suite ar an gcomhéadan talún is uisce. Tá gach calafort na hÉireann suite in inbhir nó i gcriosanna cósta, atá aitheanta mar a bheith *''i measc na n-éiceachóras is dinimiciúla agus is casta ar domhan''* (Coimisiún na gComhphobal Eorpach, 2011a). Rinneadh iarracht leis an reachtaíocht chomhshaoil le blianta beaga anuas cosaint na n-éiceachóras sin a neartú. Tá forbairt laistigh de limistéir íogaire den sórt sin faoi réir maoirseacht dhian ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na hEorpa araon.

I gcáipéis comhairliúcháin an athbhreithnithe ar bheartas na gcalafort, liostaíodh na píosaí is tábhachtaí de reachtaíocht chomhshaoil na hEorpa atá infheidhme. Tugadh aghaidh le leasuithe a achtaíodh le déanaí ar na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ar easnaimh sa chreat reachtaíochta roimhe sin a bhí aitheanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is é an prionsabal uileghabhálach atá taobh thiar de na bearta reachtaíochta seo ná forbairt eacnamaíoch a bheith ann a chloíonn le ceanglais an dlí náisiúnta agus le ceanglais dlí na hEorpa maidir le cosaint an chomhshaoil.

Chomh maith lena n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil, tá calafoirt faoi réir na bpróiseas toilithe faoi na hAchtanna Imeall Trá. Rialaítear leis na hAchtanna seo gníomhaíocht a dhéantar ar an imeall trá agus clúdaítear leo raon leathan gníomhaíochtaí is gné dhílis de ghnó tráchtála aon chalafoirt.

## 5.2 Saincheisteanna comhshaoil

Is uathúil ar roinnt bealaí atá pleanáil agus forbairt an bhonneagair iompair mhuirí, go háirithe sa mhéid go bhfuil forbairtí ar an talamh agus ar an imeall trá araon i gceist le bonneagar den sórt sin. Chomh maith leis sin, tá formhór chalafoirt na hÉireann suite in áiteanna inbhir agus is minic a bhíonn siad suite i ngnáthóga cosanta nádúrtha nó in aice leo. Fágann sé sin go mbíonn pleanáil agus forbairt an bhonneagair chalafoirt an-chasta.

Aithnítear ag leibhéal na hEorpa go bhfuil éiginnteachtaí ann maidir le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga i gcás forbairt calafoirt. I mí Eanáir 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a threoirlínte, *Cur i bhFeidhm na dTreoracha maidir le Gnáthóga agus Éin in Inbhir agus i gCriosanna Cósta*.

Tugtar soiléireacht níos fearr sna treoirlínte seo do gach páirtí leasmhar maidir leis an idirghníomhú idir reachtaíocht chomhshaoil na hEorpa agus na tionscadail forbartha calafoirt atá beartaithe. Is iad na téamaí uileghabhálacha atá ag teacht chun cinn ó na treoirlínte ná an gá atá le comhairliúchán luath agus bríoch a bheith ann le páirtithe leasmhara agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhtháite i dtreo pleanáil calafoirt agus cosaint chomhshaoil. Tá na treoirlínte seo ina n-áis úsáideach do pháirtithe leasmhara maidir lena léirmhíniú agus lena gcur i bhfeidhm reachtaíochta ábhartha. Mar sin féin, measann an Roinn go mbaineann fiúntas breise le féachaint le rannpháirtíocht náisiúnta atá sainiúil d'earnáil na gcalafort a thionscnamh idir na páirtithe leasmhara cuí, ionas go dtabharfar ábharthacht náisiúnta don dearcadh Eorpach.

Déantar foráil i Rialachán 40 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga) 2011 do rannpháirtíocht den sórt sin trí chomhaontuithe riaracháin a cheadú idir an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus údaráis phoiblí, ar nós na gcuideachtaí calafoirt. D'fhéadfadh comhaontú den sórt sin a bheith ina uirlis luachmhar maidir le soiléireacht a bhaint amach ar na róil agus ar na freagrachtaí atá ag cuideachtaí calafoirt sa réimse tábhachtach seo. Rinne an Roinn éascú ar rannpháirtíocht san ábhar seo idir Cumann Calafort na hÉireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Táthar ag súil go dtabharfar an comhaontú riaracháin seo i gcrích le linn 2013.

## 5.3 Saincheisteanna imeall trá

Tá feidhmiú an phróisis toilithe imeall trá á rialú ag na hAchtanna Imeall Trá 1933 – 2012, rud nár leasaíodh nó nár tugadh cothrom le dáta ó achtaíodh an tAcht bunaidh. Ó mhí Eanáir 2010 ar aghaidh, tá freagracht ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as toiliú imeall trá ag gach calafort tráchtála seachas ag na hionaid chuain iascaigh ainmnithe.

Chuir earnáil na gcalafort tráchtála agus páirtithe leasmhara eile ábhair imní in iúl maidir le riarachán imeall trá. Mar gheall ar a suíomh, braitheann calafoirt go mór ar chóras éifeachtach éifeachtúil riaracháin imeall trá chun soiléireacht a thabhairt maidir le nós imeachta agus chun cinnteacht a thabhairt maidir le huainiú.

Tugadh roinnt feabhsuithe riaracháin isteach le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar an bpróiseas toilithe. Tá tuilleadh feabhsuithe ar an bpróiseas gnó beartaithe don tréimhse go dtí 2014, dá dtagraítear sa phlean comhtháite muirí a foilsíodh le déanaí, *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin*, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a aithníodh a bhaineann leis an ualach oibre atá ann faoi láthair.

Ina theannta sin, leagtar béim i gClár an Rialtais agus in *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin* araon an gá atá le hailtireacht nua um pleanáil agus thoiliú le haghaidh forbartha ar an imeall trá, má tá Éire chun an chuid is fearr a bhaint as a hacmhainn mhuirí.

Faoi láthair, tá gach forbairt ag calafoirt na hÉireann faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2012, agus tá aon fhorbairt ag an marc barrláin nó faoin marc barrláin faoi réir fhorálacha na nAchtanna Imeall Trá 1933 – 2012 freisin.

Nuair is infheidhme, éilíonn an próiseas déthoilithe seo iarratais ar leithligh chuig údarás pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi na hAchtanna Imeall Trá. Is ionann próiseas déthoilithe, a bhaineann leis an bhforbairt amháin atá beartaithe, agus a bhraitheann ar na doiciméid tacaíochta chéanna (e.g. faisnéis theicniúil, tuarascálacha comhshaoil, Ráiteas Tionchair Comhshaoil, Ráiteas Tionchair Natura, etc.) agus dúbailt shuntasach iarrachta ar thaobh na bpáirtithe uile.

Chomh maith leis an dúbailt iarrachta atá tuairiscithe thuas, ní fhorálann na próisis toilithe atá ann faoi láthair faoi na hAchtanna Imeall Trá do línte ama sonracha maidir le cinntí nó le hachomhairc, rud atá ar neamhréir leis na próisis toilithe dá bhforáiltear leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag leanúint de bheith ag obair ar fhorbairt reachtaíochta nua a fhéachfaidh le nuachóiriú a dhéanamh ar an gcóras toilithe imeall trá agus a fhéachfaidh, *inter alia*, le híoslaghdú a dhéanamh ar an dúbailt próiseas a tuairiscíodh roimhe sin. Críochnaíodh próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le hathruithe féideartha le déanaí.

Cé go dtabharfar aghaidh leis an reachtaíocht atá beartaithe le bheith foilsithe le linn 2012 ar chuid mhór de na hábhair imní a chuir earnáil na gcalafort tráchtála in iúl maidir le saincheisteanna toilithe agus le próisis riaracháin ghinearálta, d'fhéadfadh go mbeadh rannpháirtíocht shonrach idir an earnáil agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag teastáil i gcás saincheisteanna oidhreachta eile.

Iarradh ar Chumann Calafort na hÉireann breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist seo agus cáipéis, ina ndéileáiltear le saincheisteanna a bhaineann leis an imeall trá nár réitíodh go fóill, ar bhealach atá lasmuigh den sainchúram reachtaíochta atá beartaithe, a dhréachtú le chéile, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de rannpháirtíocht amach anseo atá sainiúil don earnáil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

> Oibríonn calafoirt i dtimpeallacht ar leith, atá suite ar an gcomhéadan talún is uisce

# AGUISÍN I
# GNÍOMHARTHA AGUS AMLÍNTE




**Creid íomhá:** Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

# 6. AGUISÍN I – GNÍOMHARTHA AGUS AMLÍNTE

| Tagairt Ailt | Gníomh | Amlíne |
|---|---|---|
| 2.3.1 | Staidéar an Údaráis Iomaíochta a bhreithniú agus freagra a thabhairt air | 2013 |
| 2.6 | Bealach a fhoilsiú le haghaidh fhorbairt amach anseo Chuideachta Chalafort Phort Láirge agus Chalafort Eorpach Ros Láir | 2013 |
| 2.7 | Cláir dhíospóireachtaí a thionscnamh agus a chur i gcrích maidir le haistriú cuideachtaí calafoirt áirithe, mar atá leagtha amach in ailt 2.7.1 – 2.7.5 | 2013–2015 |
| 2.7.7 | Leasuithe reachtaíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú i leith an méid thuas | 2013–2015 |
| 3.1 | Córas tomhais feidhmíochta a thabhairt isteach do Chalafoirt a bhfuil Tábhacht Náisiúnta ag Baint leo (Sraith 1 agus Sraith 2) | 2016 |
| 3.3 | Nósanna imeachta a fhoilsiú chun a chinntiú go gcoinneofar stiúrthóirí cuideachta calafoirt ar an eolas faoi bheartas an Rialtais | 2013 |
| 3.4 | A chinntiú go gcuirfidh cuideachtaí calafoirt polasaí díbhinní inghlactha isteach | 2013 |
| 4.2 | Réamhaisnéis acmhainne rialta a thabhairt isteach | 2018 |
| 4.2 | Múnla a fhorbairt le haghaidh sonraí a bhailiú ar bhonn leanúnach maidir le bunáit agus le ceann scríbe sreafaí lasta | 2016 |
| 5.2 | Obair a dhéanamh le Cumann Calafort na hÉireann agus leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun comhaontú riaracháin a chur i gcrích faoi Rialachán 40 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 | 2013 |
| 5.3 | Obair a dhéanamh le Cumann Calafort na hÉireann agus leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an imeall trá nár réitíodh go fóill | 2013–2014 |



**Creid íomhá:** Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

ALT 7

# LEABHAR

LIOSTA



**Creid íomhá:** Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

# 7. LEABHARLIOSTA


Coimisiún na gComhphobal Eorpach. (2007). *Communication on a European ports policy*.

Coimisiún na gComhphobal Eorpach. (2011a). *Cur i bhFeidhm na dTreoracha maidir le Gnáthóga agus Éin in Inbhir agus i gCriosanna Cósta*.

Coimisiún na gComhphobal Eorpach. (2011b). *Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an Gréasán Tras-Eorpach Iompair a fhorbairt*.

Coimisiún na gComhphobal Eorpach. (2011c). *Páipéar Bán - Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dTreo Córas Iompair atá Iomaíoch agus Tíosach ar Acmhainní*.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (1998 - 2011). *Staitisticí faoi Thrácht Calafoirt*.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2011). *Staitisticí faoi Thrácht Calafoirt 2010*.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. (2012). *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin - Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. (2003). *High Level Review of the State commercial ports*.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. (2005). *Ráiteas maidir le Beartas na gCalafort 2005*.

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. (2012). *Spatial Planning and National Roads- Guidelines for Planning Authorities*.

An Roinn Airgeadais. (2009). *Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (2011). *Plean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí*.

An Roinn Coimirce Sóisialaí. (2010). *An Creat Náisiúnta Pinsean*.

An Roinn Iompair. (2010). *Cáipéis Comhairliúcháin an Athbhreithnithe ar Bheartas na gCalafort*.

Údaráis Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath agus an Lár-Oirthir. (2010). *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010 - 2022*.

Comhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath. (2012). *Dublin Port Company Masterplan 2012 - 2040*.

Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire. (2011). *Dún Laoghaire Harbour Masterplan*.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe. (2011). *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2011 - 2017*.

IMDO. (2012a). *Irish Maritime Transport Economist*.

IMDO. (2012b). *Report on Irish Ports' Offshore Renewable Energy Services*.

Comhairleoirí Eacnamaíocha Idirnáisiúnta Indecon. (2009). *Dublin Port National Development Plan Study*.

Comhchoiste an Oireachtais um Iompar. (2010). *Tuarascáil maidir le hEarnáil na bPort*.

Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair. (2010). *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha an Mheán-Iarthair 2010 - 2022*.

Cuideachta Chalafort Chorcaí. (2010). *Athbhreithniú Plean Forbartha Straitéisí 2010*.


An Grúpa Athbhreithnithe. (2011). *Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit*.

UNCTAD. (2011). *Review of Maritime Transport*.

Verhoeven, P. (2011). *European Port Governance - Report of an enquiry into the current governance of European Seaports*.

Údarás Réigiúnach an Iarthair. (2010). *Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Réigiún an Iarthair 2010 - 2022*.

Creid íomhá: Cuideachta Chalafort Fhaing na Sionainne



**Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**
44 Sráid Chill Dara
BÁC 2
Guthán: 00 353 1 670 7444
Láithreán Gréasáin: www.dttas.ie

design by **drawinginc**